RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/1450 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Iúil 2023

lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí píopaí agus feadán gan uaim áirithe d'iarann (seachas iarann teilgthe) nó de chruach (seachas cruach dhosmálta), ar trasghearradh ciorclach, ar trastomhas seachtrach is mó ná 406,4 mm, de thionscnamh Dhaon – Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 8 Meitheamh 2016 maidir le cosaint in aghaidh allmhairí dumpáilte ó thíortha nach baill den Aontas Eorpach iad ([1]) ('an bun-Rialachán'), agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

1. NÓS IMEACHTA

1.1. Imscrúduithe a rinneadh roimhe seo agus bearta atá i bhfeidhm

(1) Trí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/804 ón gCoimisiún ([2]), d'fhorchuir an Coimisiún Eorpach dleachtanna frithdhumpála ar allmhairí píopaí agus feadán gan uaim áirithe d'iarann (seachas iarann teilgthe) nó de chruach (seachas cruach dhosmálta), ar trasghearradh ciorclach, ar trastomhas seachtrach is mó ná 406,4 mm, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('na bearta bunaidh'). An t-imscrúdú ar forchuireadh na bearta bunaidh mar thoradh air, gairfear 'an t-imscrúdú bunaidh' anseo feasta dó.

(2) Na dleachta frithdhumpála atá i bhfeidhm faoi láthair, is ó rátaí idir 29,2 % agus 41,4 % atá siad ar allmhairí ón na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampláilte, 45,6 % ar na cuideachtaí comhoibríocha neamhshampláilte, agus tá dleachtráta 54,9 % ar na cuideachtaí eile go léir ó Dhaon-Phoblacht na Síne ('PRC' nó 'an tSín').

1.2. Iarraidh ar athbhreithniú éaga

(3) Tar éis foilsiú fógra maidir le dul in éag atá le tarlú, fuair an Coimisiún Eorpach ('an Coimisiún') iarraidh ar athbhreithniú de bhun Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán.

(4) An 10 Feabhra 2022, chuir an Comhlachas Eorpach um Fheadáin Chruach ('an t-iarratasóir' nó 'ESTA') an t-iarratas ar athbhreithniú isteach thar ceann thionscal an Aontais a bhaineann le píopaí agus feadáin gan uaim áirithe d'iarann (seachas iarann teilgthe) nó de chruach (seachas cruach dhosmálta), ar trasghearradh ciorclach, ar trastomhas seachtrach is mó ná 406,4 mm, de réir bhrí Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. Bhí an iarraidh ar athbhreithniú bunaithe ar na forais gur dócha go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís agus go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís don tionscal de chuid an Aontais mar thoradh ar dhul in éag na mbeart.

([1]) IO L 176, 30.6.2016, lch. 21.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/804 ón gCoimisiún an 11 Bealtaine 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí píopaí agus feadán gan uaim áirithe d'iarann (seachas iarann teilgthe) nó de chruach (seachas cruach dhosmálta), ar trasghearradh ciorclach, ar trastomhas seachtrach is mó ná 406,4 mm, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 121, 12.5.2017, lch. 3).

1.3. **Athbhreithniú éaga a thionscnamh**

(5) Arna chinneadh don Choimisiún, tar éis dó dul i gcomhairle leis an gCoiste a bhunaítear le hAirteagal 15(1) den bhun-Rialachán, go raibh fianaise leordhóthanach ann chun athbhreithniú éaga a thionscnamh, thionscain an Coimisiún athbhreithniú éaga an 12 Bealtaine 2022 maidir le hallmhairí isteach san Aontas píopaí agus feadán gan uaim áirithe d'iarann (seachas iarann teilgthe) nó de chruach (seachas cruach dhosmálta), le trasghearradh ciorclach, ar trastomhas seachtrach nach mó é ná 406,4 mm, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne ('an tír lena mbaineann') ar bhonn Airteagal 11(2) den bhun-Rialachán. D'fhoilsigh sé Fógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ([3]) ('an Fógra Tionscnaimh').

1.4. **Barúlacha maidir le tionscnamh**

(6) Tar éis fhoilsiú an Fhógra Tionscnaimh, cheistigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha Síneacha cé acu a thug nó nár thug an fíoras nach raibh aon cheann de tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais san imscrúdú bunaidh rannpháirteach san iarraidh ar an athbhreithniú seo le fios téarnamh foriomlán ón na hallmhairí dumpáilte agus díobhálacha le haghaidh na gcuideachtaí i gceist.

(7) Bhreathnaigh an Coimisiún den chéad uair nár chuir na táirgeoirí onnmhairiúcháin i gceist an fíoras gur chomhlíon an iarraidh na coinníollacha atá in Airteagal 5(4) den bhun-Rialachán. Go deimhin, sheol an Comhlachas Eorpach um Fheadáin Chruach é, arb ionann é agus níos mó ná 25 % de tháirgeacht iomlán an Aontais agus thacaigh táirgeoirí de chuid an Aontais leis, arb ionann iad agus níos mó ná 50 % de tháirgeacht iomlán an Aontais. Ar an dara dul síos, sampláladh táirgeoir de chuid an Aontais Huta Batory sa dá imscrúdú, san imscrúdú bunaidh agus san athbhreithniú éaga. Ar an tríú dul síos, thacaigh Valcovni Trub Chomutov AS, an dara táirgeoir sampláilte san imscrúdú bunaidh, leis an athbhreithniú éaga ach níos shampláil an Coimisiún iad. Ar deireadh, i ndáil leis an dá chuideachta shampláilte eile san imscrúdú bunaidh, Arcelor Mittal Tubular Products Roman agus Vallourec Deutschland GmbH, tá margadh an Aontais fágtha acu nó tá siad tosaithe ar an bpróiseas chun margadh an Aontais a fhágáil. Dá dheasca sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(8) Thairis sin, d'áitigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin go dtionscnófar athbhreithniú éaga i gcás ina bhfuil go leor fianaise san iarraidh gur dócha go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís agus go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís mar thoradh ar dhul in éag na mbeart agus go dtacófar le cinneadh dearfach trí fhianaise fhíorasach. Chun tacú lena n-argóint, chuir siad i dtábhacht nach mbeidh a fhios riamh ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne céard é an gnáthluach mar gheall ar na modhanna difriúla a úsáidtear trí dhul i muinín tír ionadaíoch.

(9) Thug an Coimisiún dá go ndearna sé imscrúdú ar chruinneas agus leordhóthanacht na fianaise a soláthraíodh agus chinn sé go raibh fianaise leordhóthanach ann leis an imscrúdú reatha a thionscnamh, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán. In aon chás, níor sholáthair na táirgeoirí onnmhairiúcháin sampla d'fhianaise neamh-leordhóthanach, dá bhrí sin, ní raibh aon réasúnaíocht cheart leis an maíomh sin. A mhéid a bhaineann le gnáthluach, bhí neart deiseanna ag táirgeoirí onnmhairiúcháin chun an modh/na modhanna a úsáideadh agus an gnáthluach arna ríomh san iarraidh a fhíorú. Dá dheasca sin, diúltaíodh dá maíomh.

(10) Thairis sin, luaigh táirgeoirí onnmhairiúcháin go bhfuil oibríochtaí gnó táirgeoirí an Aontais den táirge lena mbaineann i bhfad níos spleáiche ar choinníollacha margaí thar lear ná ar na coinníollacha san Aontas agus nach féidir an meath ar fheidhmíocht onnmhairiúcháin na n-iarratasóirí ó 2019 a chur i leith allmhairí de thionscnamh na Síne. Mhaígh siad freisin, seachas feidhmíocht onnmhairiúcháin, gur cuireadh cuid de na treochtaí forbartha diúltacha san Aontas i leith ráig phaindéim COVID-19, go háirithe in 2020. Ina theannta sin, d'áitigh siad go raibh an costas táirgthe in aghaidh an tona a tuairiscíodh san iarraidh, atá idir € 1 245 agus € 1 291, i bhfad níos ísle ná mar a tuairiscíodh san imscrúdú bunaidh.

([3]) IO C 193, 12.5.2022, lch. 5.

(11) Thug an Coimisiún dá aire, ag céim na hiarrata, go bhfuil sé leordhóthanach, ar bhonn na faisnéise atá ar fáil go réasúnach don iarratasóir, fianaise a sholáthar ag taispeáint go bhfuil dóchúlacht ann go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís má ligtear do na bearta dul in éag. Chuige sin, fiú má bhí maíomh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ceart gur tháinig meath ar chás eacnamaíoch thionscal an Aontais de bharr tosca seachas allmhairí ón tSín, níor ceistíodh sna hargóintí a cuireadh chun cinn an fíoras gur fhan na hallmhairí ón tSín suntasach i ndearbhthéarmaí agus i sciar den mhargadh. Thairis sin, tugadh le fios san fhianaise a cuireadh ar fáil san iarraidh gur dócha go n-atarlóidh díobháil má ligtear do na bearta dul in éag. Dá dheasca sin, diúltaíodh don mhaíomh.

(12) Mhaígh na táirgeoirí onnmhairiúcháin freisin go raibh feidhmíocht eacnamaíoch Tenaris, roimh agus tar éis thionchar na paindéime, i ngnáthriocht, láidir. I gcás Tubos Reunidos SA, d'fhan luach díolachán ag an leibhéal céanna ar feadh 3 bliana as a chéile, ag tosú in 2018 agus ansin ó 2020 ar aghaidh tá luachanna díolachán feabhsaithe. Níor tháinig laghdú ach ar dhíolacháin onnmhairí chuig tríú tíortha, ach amháin margadh SAM. Chun tacú lena maímh maidir leis cás tháirgeoirí an Aontais, sholáthair siad fianaise de phleanáil uaillmhianach dhá chuideachta chun infheistiú a dhéanamh agus a saoráidí táirgthe san Aontas a leathnú nó a uasghrádú.

(13) Thug an Coimisiún dá aire nach ndéantar anailís ar tháscairí díobhála ar leibhéal táirgeoirí aonair, ach ar leibhéal thionscal an Aontais ina iomláine. Mar a tugadh le fios in aithris 11 thuas, bhí fianaise leordhóthanach san iarraidh maidir le tionscal an Aontais uile, go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís dá ligfí do na bearta dul in éag. Dá dheasca sin, diúltaíodh don argóint.

(14) D'áitigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin freisin go bhfuil méaduithe tapa in allmhairí ón Téalainn i ndán do mhargadh an Aontais, a bhfuil tionchar ollmhór acu ar thionchar na mbeart arna gcur chun feidhme agus staid mhargaidh na n-iarratasóirí. Chomh maith leis sin, cumhdaítear leis na bearta coimirce an táirge lena mbaineann agus fanfaidh sé i bhfeidhm go dtí an 30 Meitheamh 2024.

(15) Thug an Coimisiún dá aire, maidir le hallmhairí ón Téalainn, gur theip ar na páirtithe a léiriú conas a gcuirfeadh a n-argóint i gceist an fhianaise a bhí san iarraidh maidir le leanúnachas/atarlú díobhála. Maidir leis na bearta coimirce, téitear i ngleic i mbearta frithdhumpála le cás difriúil ná bearta coimirce. Ina theannta sin, ní choisctear forchur beart frithdhumpála laistigh de chuótaí dleachta saor ó choimirce trí na bearta coimirce. Diúltaíodh, dá bhrí sin, an maíomh.

1.5. **Tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus an tréimhse faoi bhreathnú**

(16) An t-imscrúdú ar an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís, chumhdaigh sé an tréimhse ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2021 ('tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe' nó 'RIP'). An t-imscrúdú ar threochtaí atá ábhartha maidir leis an measúnú ar an dóchúlacht go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís, is imscrúdú é a chumhdaigh an tréimhse ón 1 Eanáir 2018 go dtí deireadh thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ('an tréimhse faoi bhreathnú').

1.6. **Páirtithe leasmhara**

(17) San Fhógra Tionscnaimh, iarradh ar na páirtithe leasmhara teagmháil a dhéanamh leis an gCoimisiún chun bheith rannpháirteach san imscrúdú. Ina theannta sin, chuir an Coimisiún an t-iarratasóir, táirgeoirí an Aontais, ceardchumainn, na táirgeoirí aitheanta sa tSín agus údaráis Dhaon-Phoblacht na Síne, allmhaireoirí, úsáideoirí, trádálaithe aitheanta ar an eolas go sonrach, chomh maith le comhlachais arb eol iad a bheith bainteach le tionscnamh an athbhreithnithe éaga agus d'iarr sé orthu a bheith rannpháirteach.

(18) Bhí deis ag na páirtithe leasmhara barúil a thabhairt ar thionscnamh an athbhreithnithe éaga agus éisteacht a iarraidh leis an gCoimisiún agus/nó leis an Oifigeach Éisteachta in imeachtaí trádála.

(a) Sampláil

(19) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go mb'fhéidir go ndéanfadh sé sampláil ar na páirtithe leasmhara i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán.

(b) Sampláil táirgeoirí ón Aontas

(20) San Fhógra Tionscnaimh, luaigh an Coimisiún go raibh sampla de tháirgeoirí ón Aontas roghnaithe go sealadach aige. Roghnaigh an Coimisiún sampla ar bhonn na méide ionadaíche is mó táirgeachta agus díolachán an táirge chomhchosúil san Aontas a d'fhéadfaí a imscrúdú go réasúnta laistigh den tréimhse ama a bhí ar fáil, i gcomhréir le hAirteagal 17 den bhun-Rialachán; agus ar bhonn raon geografach an tsampla. Is é a bhí sa sampla sin trí tháirgeoir ón Aontas. Chuimsigh táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais beagnach 76 % agus 67 % de tháirgeacht iomlán agus de mhéid díolachán iomlán, faoi seach, de tháirgeoirí an aitheanta Aontais den táirge comhchosúil. I gcomhréir le hAirteagal 17(2) den bhun-Rialachán, d'iarr an Coimisiún ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt faoin sampla sealadach ach ní bhfuarthas aon bharúil. Dá dheasca sin, deimhníodh an sampla. Tá an sampla ionadaíoch den tionscal de chuid an Aontais.

(c) Sampláil allmhaireoirí

(21) Chun a chinneadh cé acu a bhí nó nach raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar allmhaireoirí neamhghaolmhara an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar.

(22) Níor sholáthair ach allmhaireoir neamhghaolmhar amháin an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh sé a bheith san áireamh sa sampla. I bhfianaise a laghad freagraí a fuarthas, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil.

(d) Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín a shampláil

(23) D'fhonn a aimsiú cé acu a bhí nó nach raibh gá le sampláil agus, más amhlaidh a bhí, chun sampla a roghnú, d'iarr an Coimisiún ar gach táirgeoir onnmhairiúcháin sa tSín an fhaisnéis a sonraíodh san Fhógra Tionscnaimh a sholáthar. Ina theannta sin, d'iarr an Coimisiún ar Mhisean Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas Eorpach táirgeoirí onnmhairiúcháin eile ar spéis leo a bheith páirteach san imscrúdú a shainaithint, agus/nó teagmháil a dhéanamh leo, dá mba ann dóibh.

(24) Sholáthair dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin/grúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin s tSín an fhaisnéis a iarradh agus thoiligh siad a bheith curtha san áireamh sa sampla. I bhfianaise a laghad freagraí a fuarthas, chinn an Coimisiún nach raibh gá le sampláil, agus chinn sé gach táirgeoir onnmhairiúcháin a thagann chun cinn a imscrúdú.

(e) Ceistneoirí agus cuairteanna fíorúcháin

(25) Chuir an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas Dhaon-Phoblacht na Síne ('Rialtas na Síne') maidir le saobhadh suntasach a bheith ann sa tSín de réir bhrí Airteagal 2(6a) (b) den bhun-Rialachán.

(26) Sheol an Coimisiún ceistneoirí freisin chuig tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, allmhaireoirí neamhghaolmhara, úsáideoirí, comhlachais tháirgeoirí de chuid an Aontais agus táirgeoirí onnmhairiúcháin. Cuireadh na ceistneoirí céanna ar fáil ar líne freisin ([4]).

(27) Fuair an Coimisiún freagraí ar na ceistneoirí ón trí tháirgeoir shampláilte de chuid an Aontais, ó allmhaireoir neamhghaolmhar amháin, ó chomhlachas tháirgeoirí an Aontais agus ón dá úsáideoir/ó ghrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin.

(28) Lorg agus d'fhíoraigh an Coimisiún an fhaisnéis uile a measadh ba ghá chun cinneadh a dhéanamh maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil nó go dtarlóidh sí arís agus go leanfar den díobháil nó go dtarlóidh sí arís agus maidir le leas an Aontais. Is in áitribh na gcuideachtaí a leanas a rinneadh cuairteanna fíorúcháin de bhun Airteagal 16 den bhun-Rialachán:

Táirgeoirí ón Aontas

— Dalmine S.p.A. in Bergamo, an Iodáil.

— Tubos Reunidos Group S.L.U. in Trápaga, Vizcaya, an Spáinn

— Alchemia S.A. in Chorzow, an Pholainn

Comhlachas de chuid an Aontais

([4]) https://tron.trade.ec.europa.eu/investigations/case-view?caseId=2603

(29) Reáchtáil an Coimisiún cuairt fhíoraithe freisin leis an gcomhlachas a leanas:

— European Steel Tube Association, i bPáras, an Fhrainc.

Táirgeoirí onnmhairiúcháin sa tSín

(30) De bharr ráig phaindéim COVID-19 agus na mbeart a rinneadh dá réir chun déileáil leis an ráig ('Fógra COVID-19') ([5]), níorbh fhéidir leis an gCoimisiún, cuairteanna fíorúcháin a dhéanamh ar áitribh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Ina ionad sin, rinne an Coimisiún cros-seiceáil go cianda ar an bhfaisnéis uile a measadh a bheith riachtanach le haghaidh a chinntí i gcomhréir leis an bhFógra maidir le COVID-19. Reáchtáil an Coimisiún físchomhdhálacha leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin/an ngrúpa táirgeoirí onnmhairiúcháin a leanas:

— CITIC Pacific Group:

— Daye Special Steel Co., Ltd;

— Zhejiang Pacific Seamless Steel Tube Co., Ltd;

— Yangzhou Chengde Steel Pipe Co., Ltd.

1.7. **Barúlacha tar éis an nochta deiridh**

(31) Ina mbarúlacha tar éis an nochta deiridh, cheistigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha, Daye Special Steel Co. Ltd., Zhejiang Pacific Seamless Steel Tube Co. agus Yangzhou Chengde Steel Pipe, Co. Ltd, easpa líomhnaithe tháirgeoirí an Aontais, a rinneadh a shampláil san imscrúdú bunaidh, san imscrúdú seo ar an athbhreithniú éaga agus na cúiseanna nach n-áirítear iad sa sampla an tráth seo. Ina theannta sin, thug siad dá n-aire nár liostaíodh Huta Batory mar cheann de tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais san athbhreithniú éaga seo. Thairis sin, chuir siad in iúl nach bhféadfaidís a mheas an raibh baint ag an gcinneadh go dtarlóidh an díobháil arís le hathruithe sa sampla idir an dá imscrúdú.

(32) Thug an Coimisiún dá aire gur tugadh aghaidh in aithris 7 ar an argóint a rinne na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Go háirithe, sampláladh táirgeoir de chuid an Aontais Huta Batory sa dá imscrúdú, san imscrúdú bunaidh agus san athbhreithniú éaga. Tugtar Alchemia S.A. ar an gcuideachta sin anois.

(33) A mhéid a bhaineann leis na cuideachtaí eile, mar a mhínítear in aithris 20, rinneadh táirgeoirí an Aontais a shampláil ar bhonn na méideanna ionadaíocha is mó de tháirgeadh agus de dhíolacháin an táirge chomhchosúil san Aontas, ar méideanna iad is féidir a imscrúdú go réasúnta laistigh den am a bhí ar fáil. In éagmais barúlacha maidir leis an sampla, deimhníodh an sampla agus fuarthas go raibh sé ionadaíoch ar thionscal an Aontais. Thairis sin, cé gur athraíodh an sampla idir an t-imscrúdú bunaidh agus an t-athbhreithniú éaga sin, níor chuir na táirgeoirí onnmhairiúcháin aon fhianaise isteach nach raibh an sampla ionadaíoch. Ina theannta sin, agus measúnú á dhéanamh aige ar staid thionscal an Aontais agus ar atarlú na díobhála, bunaíonn an Coimisiún a anailís ar tháscairí maicreacnamaíocha a bhaineann le táirgeoirí uile an Aontais, lena n-áirítear na táscairí sin a sampláladh san imscrúdú bunaidh. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

2. **AN NÓS IMEACHTA INA DHIAIDH SIN**

(34) An 21 Aibreán 2023, nocht an Coimisiún na bunfhíorais agus na bunbhreithnithe ar ar a mbonn a bhí sé beartaithe na dleachtanna frithdhumpála atá ann cheana a choinneáil ar bun. Deonaíodh tréimhse do na páirtithe uile ina bhféadfaidís barúlacha a dhéanamh maidir leis an nochtadh.

(35) Bhreithnigh an Coimisiún na barúlacha arna ndéanamh ag na páirtithe leasmhara agus cuireadh san áireamh iad, i gcás inarb iomchuí. Ceadaíodh éisteacht do na páirtithe sin a d'iarr a leithéid.

([5]) Fógra maidir le hiarmhairtí ráig COVID-19 ar imscrúduithe frithdhumpála agus frith-fhóirdheontais (2020/C 86/06) (IO C 86, 16.3.2020, lch. 6).

3. AN TÁIRGE FAOI ATHBHREITHNIÚ, AN TÁIRGE LENA mBAINEANN AGUS TÁIRGE COMHCHOSÚIL

3.1. Táirge faoi athbhreithniú

(36) Tá an táirge faoi athbhreithniú mar a chéile leis an táirge san imscrúdú bunaidh, is é sin píopaí agus feadáin gan uaim áirithe d'iarann (seachas iarann teilgthe) nó cruach (seachas cruach dhosmálta), le trasghearradh ciorclach, ar trastomhas seachtrach níos mó ná 406,4 mm, atá faoi láthair faoi chóid AC 7304 19 90, ex 7304 29 90, 7304 39 88 agus 7304 59 89 (cód TARIC 7304 29 90 90) ('an táirge faoi athbhreithniú').

(37) Úsáidtear píopaí agus feadán gan uaim áirithe d'iarann (seachas iarann teilgthe) nó de chruach (seachas cruach dhosmálta), ar trasghearradh ciorclach, ar trastomhas seachtrach níos mó ná 406,4 mm i raon leathan feidhmeanna, mar shampla iompar ola, gáis, leachtanna agus sreabhán, i ngnó na tógála le haghaidh píleála, le haghaidh úsáidí meicniúla, feadáin choire agus earraí feadánacha ola agus tíre ('OCTG') le haghaidh cásáil i dtionscal na hola.

3.2. An táirge lena mbaineann

(38) Is é an táirge a bhaineann leis an imscrúdú seo an táirge faoi athbhreithniú de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne.

3.3. Táirge comhchosúil

(39) Faoi mar a suíodh san imscrúdú bunaidh, is amhlaidh a deimhníodh leis an imscrúdú den athbhreithniú éaga sin go bhfuil na saintréithe bunúsacha fisiceacha, ceimiceacha agus teicniúla céanna, mar aon leis na húsáidí bunúsacha céanna, ag na táirgí seo a leanas:

— an táirge lena mbaineann;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol ar mhargadh intíre na Síne agus;

— an táirge faoi athbhreithniú arna tháirgeadh agus arna dhíol san Aontas ag tionscal an Aontais.

(40) Dá bhrí sin, meastar gur táirgí comhchosúla iad na táirgí sin de réir bhrí Airteagal 1(4) den bhun-Rialachán.

4. DUMPÁIL

4.1. Treocht na n-allmhairí tar éis fhorchur na mbeart

(41) Le linn na tréimhse imscrúdúcháin bunaidh ([6]), d'onnmhairigh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne chuig an Aontas níos mó ná 42 míle tona den táirge lena mbaineann, a léirigh sciar den mhargadh timpeall 26 % de mhargadh an Aontais ag an am sin.

(42) San imscrúdú atá i bhfeidhm faoi láthair, don tréimhse faoi bhreathnú agus do thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, léiríodh sna sonraí staitistiúla maidir le hallmhairí den táirge lena mbaineann a tuairiscíodh in Comext agus i mBunachar sonraí 14(6) méid allmhairí i bhfad níos ísle ná méid na n-allmhairí a dhearbhaigh táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún sa chás áirithe seo, nach raibh an fhaisnéis staidrimh iontaofa agus nach bhféadfaí í a úsáid chun méid na n-allmhairí a chinneadh ó Dhaon-Phoblacht na Síne agus sciar de mhargadh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Bhunaigh sé a thorthaí a bhaineann le méid na n-allmhairí isteach san Aontas ó na táirgeoirí lena mbaineann agus sciar den mhargadh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne dá réir sin ar shonraí fíoraithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha agus ar an bhfaisnéis san iarraidh ar athbhreithniú.

(43) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, d'onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin chuig an Aontas timpeall 2,9 míle tona den táirge lena mbaineann, a léirigh sciar den mhargadh timpeall [2,5-3,5 %] de mhargadh an Aontais (féach Tábla 3).

([6]) 1 Eanáir 2015 go dtí an 31 Nollaig 2015.

(44) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, b'ionann táirgeacht táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha agus timpeall 12 % den táirgeacht mheasta foriomlán den táirge faoi athbhreithniú i nDaon-Phoblacht na Síne ([7]). Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún gur dócha le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, gur sháraigh méid foriomlán na n-allmhairí chuig an Aontas de tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne (nár sampláladh ná nár fíoraíodh laistigh den imscrúdú) an méid 2,9 míle tona a dhearbhaigh táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha na Síne, agus gur dócha gur sháraigh sciar den mhargadh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne an [2,5-3,5 %] a tugadh le fios i dTábla 3 thíos.

(45) Ar an mbonn sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gurbh amhlaidh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, gur lean na táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne den táirge faoi athbhreithniú a onnmhairiú, i gcainníochtaí níos ísle, chuig an Aontas.

4.2. **An nós imeachta chun an gnáthluach a chinneadh faoi Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán**

(46) Ós rud é go raibh fianaise leordhóthanach ar fáil nuair a tionscnaíodh an t-imscrúdú agus go bhféadfaí a thaispeáint, maidir le Daon-Phoblacht na Síne, gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán, thionscain an Coimisiún an t-imscrúdú ar bhonn Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

(47) D'fhonn faisnéis a fháil a mheas sé go mba ghá dá imscrúdú maidir leis an saobhadh suntasach a líomhnaíodh, sheol an Coimisiún ceistneoir chuig Rialtas na Síne. Ina theannta sin, i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, thug an Coimisiún cuireadh do gach páirtí leasmhar a gcuid tuairimí a chur in iúl, faisnéis a chur isteach agus fianaise thacaíochta a chur ar fáil maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán laistigh de 37 lá ó dháta fhoilsiú an Fhógra Tionscnaimh in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*. Ní bhfuarthas aon fhreagra ar an gceistneoir ó Rialtas na Síne agus ní bhfuarthas aon aighneacht maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán roimh an sprioc-am. Ina dhiaidh sin, chuir an Coimisiún in iúl do Rialtas na Síne go n-úsáidfeadh sé na fíricí a bhí ar fáil de réir bhrí Airteagal 18 den bhun-Rialachán chun a chinneadh an ann do shaobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne.

(48) Shonraigh an Coimisiún freisin i bpointe 5.3.2 den Fhógra Tionscnaimh, i bhfianaise na fianaise a bhí ar fáil, go raibh Meicsiceo roghnaithe go sealadach aige mar thír ionadaíoch iomchuí de bhun Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán chun críche an gnáthluach a chinneadh bunaithe ar phraghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa. Shonraigh an Coimisiún freisin go scrúdódh sé tíortha ionadaíocha eile a d'fhéadfadh a bheith iomchuí i gcomhréir leis na critéir a leagtar amach in Airteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán.

(49) An 14 Iúil 2022, chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas le Nóta chuig an gcomhad ('Nóta maidir le tosca táirgeachta agus an tír ionadaíoch' nó 'an Nóta') maidir leis na foinsí ábhartha a bhí beartaithe aige a úsáid chun an gnáthluach a chinneadh. Sa Nóta sin, sholáthair an Coimisiún liosta de na tosca táirgeachta uile amhail amhábhair, saothar agus fuinneamh a úsáidtear chun an táirge nua faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Ina theannta sin, ar bhonn na gcritéar a threoraíonn rogha na bpraghsanna nó na dtagarmharcanna neamhshaofa, shainaithin an Coimisiún an tír ionadaíoch, is é sin Meicsiceo. Chuir sé in iúl freisin do pháirtithe leasmhara go leagfadh sé síos costais díolacháin, costais ghinearálta agus costais riaracháin ('SG&A') agus na brabúis bunaithe ar fhaisnéis a bhí ar fáil don chuideachta Tubos de Acero de México S.A. ('Tamsa'), táirgeoir i Meicsiceo.

4.3. **Gnáthluach**

(50) I gcomhréir le hAirteagal 2(1) den bhun-Rialachán, 'beidh *an gnáthluach bunaithe ar an bpraghas a íocadh nó atá le híoc de ghnáth, i ngnáthchúrsa trádála, ag custaiméirí neamhspleácha sa tír is onnmhaireoir*'.

(51) Mar sin féin, de réir Airteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, *'i gcás ina gcinntear […] nach bhfuil sé iomchuí praghsanna intíre agus costais a úsáid sa tír is onnmhaireoir i ngeall* go bhfuil *saobhadh suntasach sa tír sin de réir bhrí phointe (b), déanfar an gnáthluach a thógáil go heisiach ar bhonn costas táirgthe agus díolachán ina léirítear praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa'*, agus *'áireofar leis méid neamhshaofa agus réasúnach de chostais díola, ghinearálta agus riaracháin agus i gcomhair brabús' ('costais SGA' a thugtar anseo feasta ar 'costais díola, ghinearálta agus riaracháin')*.

([7]) De réir an iarratasóra, thart ar 2,3 milliún tona a bhí i gceist le méid táirgeachta mheasta an táirge faoi athbhreithniú i nDaon-Phoblacht na Síne in 2021. Bhí méid táirgeachta fíoraithe tháirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha na Síne beagnach 260 míle tona.

(52) Mar a mhínítear a thuilleadh thíos, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid san imscrúdú reatha gur ar bhonn na fianaise atá ar fáil agus i bhfianaise na heaspa comhoibre a fuarthas ó Rialtas na Síne, b'iomchuí Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán a chur i bhfeidhm.

4.3.1. *Saobhadh suntasach a bheith ann*

(53) In imscrúduithe a rinneadh le déanaí a bhain leis an earnáil cruach i nDaon-Phoblacht na Síne ([8]), shuigh an Coimisiún gurbh ann do shaobhadh suntasach de réir bhrí Airteagal 2(6a) (b) den bhun-Rialachán.

(54) Sna himscrúduithe sin, shuigh an Coimisiún gur ann d'idirghabháil shuntasach ón rialtas sa tSín, rud a shaobhann leithdháileadh éifeachtach na n-acmhainní i gcomhréir le prionsabail an mhargaidh ([9]). Go háirithe, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur san earnáil cruach, arb í an príomh-amhábhar í chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh, ní hamháin go bhfuil cuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne uirthi de réir bhrí Airteagal 2(6a) (b), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán ([10]), ach ina theannta sin, go bhfuil Rialtas na Síne in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais trí láithreacht Stáit i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a) (b), an dara fleasc den bhun-Rialachán ([11]). Shuigh an Coimisiún thairis sin go bhfuil éifeachtaí saofa breise ar an margadh ag láithreacht an Stáit agus idirghabháil an Stáit sna margaí airgeadais, agus i soláthar amhábhar agus ionchur freisin. Go deimhin, ar an iomlán, de bharr an chórais pleanála i nDaon-Phoblacht na Síne, fágann sé go mbíonn acmhainní á gcomhchruinniú in earnálacha atá ainmnithe ag Rialtas na Síne mar earnálacha straitéiseacha nó atá tábhachtach go polaitiúil ar shlí eile, seachas iad a bheith á leithdháileadh i gcomhréir le fórsaí an mhargaidh ([12]). Thairis sin, tháinig

([8]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 ón gCoimisiún an 26 Deireadh Fómhair 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí cineálacha áirithe táirgí cruach cothroma fuar-rollta de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne agus Chónaidhm na Rúise, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 277, 27.10.2022, lch. 149); Rialachán Cur chun Feidhme (AE) 2022/191 ón gCoimisiún an 16 Feabhra 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de cheanglóirí iarainn nó cruach áirithe de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 36, 17.2.2022, lch. 1); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 ón gCoimisiún an 24 Eanáir 2022 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí d'fheistithe áirithe feadán agus píopaí, as iarann nó as cruach, ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, mar a leathnaítear chun allmhairí d'fheistithe áirithe feadán agus píopaí, as iarann nó as cruach, ar de thionscnamh na Téaváine, na hIndinéise, Shrí Lanca agus na nOileán Filipíneach iad, bídís dearbhaithe gur de thionscnamh na dtíortha sin iad nó ná bídís, a chumhdach, tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 16, 25.1.2022, lch. 36); Rialachán Cur chun Feidhme (AE) 2021/2239 ón gCoimisiún an 15 Nollaig 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí túr gaoithe cruach áirithe ar scála fóntais de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne (IO L 450, 16.12.2021, lch. 59); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 ón gCoimisiún an 16 Aibreán 2021 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí de phíopaí táite agus d'fheadáin tháite áirithe d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail ar de thionscnamh na Bealarúise, Dhaon-Phoblacht na Síne agus na Rúise iad tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 11(2) de Rialachán (AE) 2016/1036 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 132, 19.4.2021, lch. 145).

([9]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 aithris 80; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 aithris 208, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 aithris 59, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 aithrisí 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 149-150.

([10]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 aithris 64; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 aithris 192, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 aithris 46, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 aithrisí 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 115-118.

([11]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 aithris 66; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 aithrisí 193-4, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 aithris 47, Rialachán Cur chun Feidhme (AE) 2021/2239 ón gCoimisiún, aithrisí 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 ón gCoimisiún, aithrisí 119-122. Cé go bhféadfaí an ceart atá ag na húdaráis ábhartha Stáit príomh-phearsanra bainistíochta i bhfiontair atá faoi úinéireacht an Stáit a cheapadh agus a chur as a bpoist, dá bhforáiltear i reachtaíocht na Síne, a mheas mar rud a léiríonn na cearta úinéireachta a chomhfhreagraíonn dó sin, is é atá sna cealla de Pháirtí Cumannach na Síne i bhfiontair, idir fhiontair atá faoi úinéireacht an stáit agus fhiontair phríobháideacha, modh tábhachtach eile trínar féidir leis an Stát cur isteach ar chinntí gnó. De réir dhlí cuideachtaí na Síne, bunófar eagraíocht de chuid Pháirtí Cumannach na Síne i ngach cuideachta (le triúr comhaltaí de chuid an Pháirtí ar a laghad mar a shonraítear i mBunreacht Pháirtí Cumannach na Síne) agus cuirfidh an chuideachta na coinníollacha is gá ar fáil le haghaidh gníomhaíochtaí eagraíocht an pháirtí. Ní léir gur leanadh an ceanglas sin i gcónaí roimhe seo nó gur forfheidhmíodh go docht é. Mar sin féin, ó 2016 ar a laghad threisigh Páirtí Cumannach na Síne na maímh atá aige go bhfuil smacht aige ar chinntí gnó i bhfiontair atá faoi úinéireacht an stáit ar bhonn prionsabal polaitiúil. Tuairiscítear freisin gur chuir Páirtí Cumannach na Síne brú ar chuideachtaí príobháideacha tús áite a thabhairt don 'tírghrá' agus disciplín an pháirtí a chomhlíonadh. In 2017, tuairiscíodh go raibh cealla den pháirtí in 70 % den 1,86 milliún cuideachta atá faoi úinéireacht phríobháideach, agus go raibh an brú ag méadú ar eagraíochtaí Páirtí Cumannach na Síne an focal deiridh a bheith acu maidir leis na cinntí gnó laistigh dá gcuideachtaí faoi seach. Tá feidhm ghinearálta ag na rialacha sin ar fud gheilleagar na Síne, i ngach earnáil, lena n-áirítear maidir le táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú agus soláthróirí a gcuid ionchur.

([12]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 aithris 68; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 aithrisí 195-201, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 aithrisí 48-52, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 aithrisí 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 aithrisí 123-129.

an Coimisiún ar an gconclúid nach bhfuil dlíthe féimheachta agus maoine na Síne ag obair i gceart de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an ceathrú fleasc den bhun-Rialachán, rud a chruthaíonn saobhadh go háirithe nuair a bhíonn gnólachtaí dócmhainneacha á gcoimeád sócmhainneach agus nuair a bhíonn cearta úsáide talún á leithdháileadh sa tSín ([13]). Ar an gcaoi chéanna, shuigh an Coimisiún gurbh ann do shaobhadh maidir le costais phá san earnáil cruach de réir bhrí Airteagal 2(6a) (b), an cúigiú fleasc den bhun-Rialachán ([14]), mar aon le saobhadh sna margaí airgeadais de réir bhrí Airteagal 2(6a) (b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, go háirithe maidir le rochtain ar ghníomhaithe corparáideacha caipiteal i nDaon-Phoblacht na Síne ([15]).

(55) Mar a rinneadh in imscrúduithe roimhe seo maidir leis an earnáil cruach i nDaon-Phoblacht na Síne, d'fhéach an Coimisiún san imscrúdú reatha lena fháil amach cé acu a bhí nó nach raibh sé iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid i nDaon-Phoblacht na Síne, i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann de réir bhrí phointe (b) d'Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán. Rinne an Coimisiún é sin ar bhonn na fianaise a bhí ar fáil sa chomhad, lena n-áirítear an fhianaise atá san iarratas, agus sa Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin freisin maidir le Saobhadh Suntasach i nGeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne chun críocha Imscrúduithe Cosanta Trádála ([16]) ('Tuarascáil'), rud a bhraitheann ar fhoinsí atá ar fáil go poiblí. Cumhdaíodh san anailís sin an scrúdú a rinneadh ar na hidirghabhálacha substainteacha rialtais i ngeilleagar Dhaon-Phoblacht na Síne go ginearálta, ach cumhdaíodh freisin an staid shonrach margaidh san earnáil ábhartha lena n-áirítear an táirge faoi athbhreithniú. Chuir an Coimisiún leis na heilimintí fianaiseacha sin lena thaighde féin ar na critéir éagsúla atá ábhartha chun a dheimhniú gurb ann do shaobhadh suntasach i nDaon-Phoblacht na Síne, mar a fuarthas amach freisin in imscrúduithe a rinne sé roimhe seo i ndáil leis sin.

(56) Rinneadh an líomhain san iarraidh go mbíonn tionchar forleathan ag idirghabhálacha uilechuimsitheacha Rialtas na Síne nó údarás poiblí eile ar leibhéil éagsúla an rialtais agus go ndéanann siad difear do gheilleagar na Síne ina iomláine, agus nach féidir leas a bhaint as praghsanna agus costais intíre thionscal cruach na Síne san imscrúdú seo i bhfianaise an mhéid sin. Chun tacú lena sheasamh, rinneadh tagairt san iarraidh d'imscrúduithe an Choimisiúin le déanaí ar earnáil cruach na Síne ([17]).

(57) Go sonrach, tugadh le fios san iarraidh ar chúlra an teagaisc maidir le 'geilleagar sóisialach an mhargaidh' atá daingnithe i mBunreacht Dhaon-Phoblacht na Síne, uileláithreacht Pháirtí Cumannach na Síne ("CCP") agus an tionchar a bhíonn aige ar an ngeilleagar trí mheán thionscnaimh pleanála straitéiseacha – amhail an 13ú agus an 14ú Plean 5 Bliana ('FYP') - tagann idirghabhálachas Rialtas na Síne i bhfoirmeacha éagsúla, eadhon idirghabhálacha riaracháin, airgeadais agus rialála.

(58) Soláthraíodh samplaí san iarraidh de ghnéithe lena léirítear gurb ann do shaobhadh, mar a liostaítear sa chéad dais go dtí an séú dais d'Airteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. Go háirithe, agus tagairt á déanamh d'imscrúduithe an Choimisiúin roimhe seo san earnáil cruach agus don Tuarascáil, chuir an t-iarratasóir an méid seo a leanas isteach:

— Ní hamháin go bhfágann comhdhéanamh foriomlán gheilleagar na Síne gur féidir idirghabhálacha substainteacha rialtais a dhéanamh sa gheilleagar, ach déantar idirghabhálacha den sórt sin a shainordú go sainráite. Tá an coincheap maidir le ceannas na húinéireachta poiblí ar an duine príobháideach leata ar fud an chórais dlíthiúil fhoriomláin agus cuirtear béim air mar phrionsabal ginearálta i ngach píosa lárnaigh

([13]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 aithris 74; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 aithris 202, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 aithris 53, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 aithrisí 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 aithrisí 130-133.

([14]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 aithris 75; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 aithris 203, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 aithris 54, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 aithrisí 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635 aithrisí 134-135.

([15]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2068 aithris 76; Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/191 aithris 204, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/95 aithris 55, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/2239 aithrisí 67-74, Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 136-145.

([16]) Doiciméad Inmheánach Oibre de chuid an Choimisiúin SWD (2017) 483 final/2, 20. 12. 2017, le fáil ag: https://ec.europa.eu/transparency/documents-register/detail?ref=SWD(2017)483&lang=en

([17]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/649 ón gCoimisiún an 5 Aibreán 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe déanta as iarann, cruach neamh-chóimhiotal nó cruach cóimhiotail eile ar táirgí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad (IO L 92, 6.4.2017, lch. 68); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/969 ón gCoimisiún an 8 Meitheamh 2017 lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe, déanta as iarann, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile ar táirgí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/649 ón gCoimisiún lena bhforchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí táirgí comhréidhe teorollta áirithe, déanta as iarann, cruach neamh-chóimhiotail nó cruach cóimhiotail eile ar táirgí de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad (IO L 146, 9.6.2017, lch. 17); Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/688 ón gCoimisiún an 2 Bealtaine 2019 lena bhforchuirtear dleacht frithchúitimh chinntitheach ar allmhairí táirgí áirithe cruach le bratú orgánach orthu de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne tar éis athbhreithniú éaga de bhun Airteagal 18 de Rialachán (AE) 2016/1037 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 116, 3.5.2019, lch. 39).

reachtaíochta. Sampla maith de sin is ea dlí maoine na Síne: tagraíonn sé do phríomhchéim an tsóisialachais agus cuireann sé ar iontaoibh an Stáit seasamh leis an gcóras eacnamaíoch bunúsach faoina bhfuil ról ceannasach ag an úinéireacht phoiblí. Glactar le foirmeacha eile úinéireachta, agus tugtar cead dóibh de réir dlí forbairt taobh le taobh leis an úinéireacht Stáit.

— Ní hamháin go ndéanann Stát na Síne beartais eacnamaíocha ghinearálta cuideachtaí aonair faoi úinéireacht an Stáit a cheapadh agus go ndéanann sé maoirseacht ar a gcur chun feidhme, ach éilíonn sé a chearta freisin le bheith rannpháirteach i gcinnteoireacht oibríochta fiontar atá faoi úinéireacht an Stáit. Déantar é sin de ghnáth trí ghrúpa meánbhainistíochta a rothlú idir údaráis an rialtais agus fiontair atá faoi úinéireacht an Stáit, trí chomhaltaí an pháirtí a bheith rannpháirteach i gcomhlachtaí feidhmiúcháin fiontar atá faoi úinéireacht an Stáit agus cealla páirtí i gcuideachtaí, chomh maith lena dhéanamh trí struchtúr corparáideach na hearnála a mhúnlú. Mar chúiteamh air sin, baineann fiontair faoi úinéireacht an Stáit leas as stádas ar leith laistigh de gheilleagar na Síne. Cuimsítear sa stádas sin roinnt buntáistí eacnamaíocha, go háirithe cosaint ó iomaíochas agus rochtain tosaíochta ar ionchuir ábhartha, lena n-áirítear maoiniú. Spreag costais úis a bhí ag titim giaráil agus iompar táirgiúlachta saothair níos airde chuig borradh i bhfiachas cuideachta faoi úinéireacht stáit. Léiríonn sé sin a éasca is féidir le coinníollacha airgeadaíochta carnadh fiachais cuideachta faoi úinéireacht stáit tapa a spreagadh ([18]);

— Ar an leibhéal a ndéantar acmhainní airgeadais a leithdháileadh, tá an lámh in uachtar ag na bainc thráchtála faoi úinéireacht an Stáit ar chóras airgeadais Dhaon-Phoblacht na Síne. Ní mór do na bainc sin, le linn dóibh a mbeartas iasachtaithe a bhunú agus a chur chun feidhme, iad féin a ailíniú leis na cuspóirí i mbeartas tionsclaíoch an rialtais seachas measúnú a dhéanamh go príomha ar fhiúntais eacnamaíocha tionscadail ar leith. Baineann an rud céanna le comhpháirteanna eile de chóras airgeadais na Síne, amhail na stocmhargaí, margaí bannaí, margaí cothromais príobháideacha etc. Ina theannta sin, coinníodh costais iasachtaíochta íseal go saorga chun fás infheistíochta a spreagadh, a raibh úsáid iomarcach as infheistíocht chaipitil le torthaí níos ísle agus níos ísle ar infheistíocht dá thoradh;

— Breathnaítear ar an tionscal cruach mar earnáil bhunúsach, thábhachtach de gheilleagar na Síne, cloch choirnéil náisiúnta ([19]) de chuid Rialtas na Síne, agus dá réir sin is tionscal é a fhaigheann tacaíocht mhór ([20]). Thairis sin, as na cúig tháirgeoir cruach ón tSín a aicmítear sna 10 dtáirgeoir cruach is mó ar domhan, is fiontair faoi úinéireacht an Stáit iad ceithre cinn díobh. Leis an leibhéal ard idirghabhála rialtais sa tionscal cruach agus le líon ard fiontar faoi úinéireacht stáit san earnáil sin, cuirtear cosc ar tháirgeoirí oibriú faoi dhálaí margaidh, fiú na táirgeoirí cruach sin atá faoi úinéireacht phríobháideach;

— Is cosúil go bhfuil córas féimheachta na Síne neamhleor chun a phríomhchuspóirí féin a sheachadadh amhail éilimh agus fiachais a shocrú go cóir agus cearta agus leasanna dleathacha creidiúnaithe agus féichiúnaithe a choimirciú;

— Tá easnaimh chóras na gceart maoine soiléir go háirithe maidir le húinéireacht talún agus cearta úsáide talún sa tSín. Is le Stát na Síne an talamh ar fad (talamh thuaithe atá faoi chomhúinéireacht agus talamh uirbeach faoi úinéireacht an Stáit). Tá a leithdháileadh ag brath go hiomlán ar an Stát ([21]);

— Cuirtear bac ar oibrithe agus ar fhostaithe ina gcearta maidir le comheagrú agus cuirtear srianadh ar shoghluaisteacht de bharr an chórais clárúcháin teaghlaigh, rud a chuireann teorainn leis an rochtain ar an raon iomlán slándála sóisialta agus ar shochair eile. Dá bharr sin, déantar saobhadh ar chostais pá mar gheall nach dtagann siad as gnáthfhórsaí margaidh ná idirbheartaíocht idir cuideachtaí agus an lucht saothair.

(59) Níor thug Rialtas na Síne barúil ná níor sholáthair sé fianaise lenar tacaíodh nó lenar bréagnaíodh an fhianaise atá sa cháschomhad faoi láthair, lena n-áirítear an Tuarascáil agus an fhianaise bhreise a sholáthair an t-iarratasóir, maidir le saobhadh suntasach a bheith ann agus/nó maidir lena iomchuí atá cur i bhfeidhm Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán sa chás atá i gceist.

([18]) ECFE, State-owned Firms behind China's Corporate Debt [Gnóthais faoi úinéireacht an Stáit taobh thiar d'Fhiachas Corparáideach na Síne], Doiciméad Oibre na Roinne Eacnamaíche Uimh. 1536], Feabhra 2019. https://www.oecd-ilibrary.org/economics/state-owned-firms-behind-china-s-corporate-debt_7c66570e-en

([19]) Réamhrá le *The Plan for Adjusting and Upgrading the Steel Industry*.

([20]) Catalogue for Guiding Industry Restructuring [Catalóg chun Athstruchtúrú an Tionscal a Threorú] (Leagan 2011) (2013 Leasú)' arna eisiúint le hOrdú Uimh. 9 ón gCoimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus um Athchóiriú an 27 Márta 2011, arna leasú i gcomhréir le Cinneadh an Choimisiúin Náisiúnta um Fhorbairt agus um Athchóiriú maidir le Leasú na gClásal Ábhartha den Chatalóg chun Athstruchtúrú an Tionscal a Threorú (Leagan 2011) arna eisiúint le hOrdú Uimh. 21 ón gCoimisiún Náisiúnta um Fhorbairt agus um Athchóiriú an 16 Feabhra 2013.

([21]) Marketplace, 'Industrial Policy: If China does it, why can't we?', 1 Márta 2021. https://www.marketplace.org/2021/03/01/industrial-policy-if-china-does-it-why-cant-we/

(60) Go sonrach, is ann fós do chuid mhór úinéireachta ag Rialtas na Síne de réir bhrí Airteagal 2(6a) (b), an chéad fhleasc, den bhun-Rialachán in earnáil an táirge faoi athbhreithniú, i.e. an earnáil cruach. Deimhníodh san imscrúdú go bhfuil péire de na príomhtháirgeoirí den táirge faoi athbhreithniú, is iad sin Daye Special Steel ltd agus Zhejiang Pacific Seamless Tube faoi úinéireacht an Stáit. Fochuideachtaí de CITIC Pacific Special Steel iad Daye Special Steel ltd agus Zhejiang Pacific Seamless Tube. Tá CITIC Pacific Special Steel ar cheann de na monaróirí tiomnaithe is mó de chruach speisialta sa tSín ([22]) agus is le CITIC Limited é, ar cuideachta faoi úinéireacht stáit é agus ar ceann de na comhcheirtleáin is mó sa tSín é ([23]). Ina Thuarascáil bhliantúil 2021, luann CITIC go bhfuil *'CITIC tiomanta don straitéis náisiúnta a dhéanamh, lena n-áirítear claochlú glas agus ísealcharbóin, d'fhonn an 14ú Plean Cúig Bliana a chomhlíonadh. Déanfaimid ár ndícheall freisin le bheith mar cheannródaí i measc cuideachtaí faoi úinéireacht stáit trí rannchuidiú lenár gcuspóirí décharbóin agus le bheith mar eiseamláirí ESG sa mhargadh caipitil* ([24])'.

(61) Tá idir fhiontair phríobháideacha agus fhiontair phoiblí san earnáil cruach faoi réir maoirseacht agus treorú beartais. Deimhnítear sna doiciméid bheartais is déanaí de chuid na Síne maidir leis an earnáil cruach an tábhacht leanúnach a chuireann Rialtas na Síne i leith na hearnála, lena n-áirítear an rún chun idirghabháil a dhéanamh san earnáil d'fhonn í a mhúnlú i gcomhréir le beartais an rialtais. Léirítear an méid sin le dréacht-Tuairim Threorach na hAireachta Tionsclaíochta agus Faisnéise Teicneolaíochta maidir le Forbairt Ardcháilíochta an Tionscail Cruach a Chothú ina n-éilítear comhdhlúthú breise an bhoinn thionsclaíoch agus feabhsú suntasach sa leibhéal nuachóiriúcháin den slabhra tionsclaíoch ([25]) leis an 14ú Plean 5 Bliana maidir le Tionscal Amhábhar a Fhorbairt ar dá réir a dhéanfaidh an earnáil *'cloí le comhcheangal na ceannaireachta margaidh agus chur chun cinn an rialtais'* agus a dhéanfaidh sí *'grúpa cuideachtaí forásacha a shaothrú ag a bhfuil ceannaireacht éiceolaíochta agus croí-iomaíochas'* ([26]) nó leis an 14ú Plean 5 Bliana maidir le Forbairt an Tionscail Dramhchruach a n-áirítear ina príomhchuspóirí *'méadú leanúnach a chur ar an gcóimheas feidhme maidir le drámh-chruach, agus faoi dheireadh an 14ú Plean 5 Bliana, sroichfidh an cóimheas cuimsitheach draimh maidir le déanamh cruach sa tír sin 30 %.'* ([27])

(62) Is féidir samplaí den chineál céanna de rún údaráis na Síne maoirsiú agus treoir a thabhairt d'fhorbairtí na hearnála a fheiceáil ag an leibhéal cúige, mar shampla in Hebei ina bhfuil sé beartaithe *'forbairt grúpa eagraíochtaí a chur i bhfeidhm go seasta, dlús a chur le hathchóiriú úinéireachta measctha cuideachtaí faoi úinéireacht an stáit, díriú ar chumasc tras-réigiúnach agus atheagrú fiontar príobháideach iarainn agus cruach a chur chun cinn, agus iarracht a dhéanamh 1-2 ghrúpa mhóra dhomhanda den chéad scoth a bhunú, 3-5 ghrúpa mhóra le tionchar intíre mar thacaíocht'* agus chun *'bealaí athchúrsála agus cúrsaíochta na drámhchruach a leathnú tuilleadh, scagadh agus aicmiú drámhchruach a neartú.'* ([28]) Thairis sin, luaitear i bplean Hebei san earnáil cruach: *'Cloígh le coigeartú struchtúrach agus cuir éagsúlú táirge i dtábhacht. Coigeartú struchtúrach agus barrfheabhsú leagan amach an tionscail iarainn agus cruach a chur chun cinn go docht, comhdhlúthú, atheagrú, claochlú agus uasghrádú fiontar a chur chun cinn, agus forbairt an tionscail iarainn agus cruach a chur chun cinn go cuimsitheach i dtreo fiontair ar mhórscála, nuachóiriú trealamh teicniúil, éagsúlú próiseas táirgthe, agus éagsúlú táirgí iartheachtacha'*.

(63) Ar an gcaoi chéanna, tuartar i bPlean Forfheidhmithe Henan maidir leis an Tionscal Cruach a Athrú agus Uasghrádú le linn an 14úPlean 5 Bliana *'bunáiteanna táirgeachta cruach tréithiúla a thógáil* […]*, tógáil 6 bhunáit táirgeachta cruach saintréithe in Anyang, Jiyuan, Pingdingshan, Xinyang, Shangqiu, Zhouou, etc., agus feabhas a chur ar scála, diansaothrú, speisialtóireacht agus speisialtóireacht an tionscail. Ina measc, faoi 2025, déanfar acmhainneacht táirgeachta muciarainn in Anyang a rialú laistigh de 14 mhilliún tonna, agus déanfar acmhainneacht táirgeachta amhchruach a rialú laistigh de 15 mhilliún tona.'* ([29])

([22]) Féach: https://en.citicsteel.com
([23]) Féach Tuarascáil Bhliantúil CITIC Limited 2021. 20220421630869.pdf (citic.com)
([24]) Féach Tuarascáil Bhliantúil CITIC 2021, leathanach 144. 20220421630869.pdf (citic.com)
([25]) Féach:https://www.miit.gov.cn/jgsj/ycls/gzdt/art/2020/art_8fc2875eb24744f591bfd946c126561f.html (arna rochtain an 24 Feabhra 2023).
([26]) Féach Roinn IV, Foroinn 3 den 14ú Plean 5 Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt
([27]) Féach Roinn II, Foroinn 1 den 14ú Plean 5 Bliana maidir le Forbairt an Tionscail Dramhchruach
([28]) Féach Plean Gníomhaíochta 3 Bliana Chúige Hebei maidir le Forbairt Braislí i Slabhra an Tionscail Cruach, Caibidil I, Roinn 3; le fáil ag: https://huanbao.bjx.com.cn/news/20200717/1089773.shtml (arna rochtain an 24 Feabhra 2023).
([29]) Féach Plean Forfheidhmithe Henan maidir le hAthchóiriú agus Uasghrádú a dhéanamh ar an Tionscail Cruach le linn an 14ú Plean 5 Bliana, Caibidil II, Roinn 3; le fáil ag: https://huanbao.bjx.com.cn/news/20211210/1192881.shtml (arna rochtain an 23 Feabhra 2023).

(64) Tá tuilleadh cuspóirí beartais thionsclaíoch le feiceáil freisin i ndoiciméid phleanála na gcúigí eile, amhail Jiangsu ([30]), Shandong ([31]), Shanxi ([32]), Liaoning Dalian ([33]) nó Zhejiang ([34]).

(65) Maidir le Rialtas na Síne a bheith in ann cur isteach ar phraghsanna agus ar chostais tríd an Stát a bheith i láthair i ngnólachtaí de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an dara fleasc den bhun-Rialachán, níorbh fhéidir a shuigh go córasach go raibh ceangail phearsanta ann idir táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú agus Páirtí Cumannach na Síne. Ach, tá roinnt táirgí sonracha le haghaidh an táirge faoi athbhreithniú.

(66) Mar shampla, is é an duine céanna atá sa Chathaoirleach ar an mBord Stiúrthóirí agus Rúnaí Choiste Pháirtí CITIC Pacific Special Steel ([35]). Thairis sin, is é an duine céanna atá sa Chathaoirleach ar bhord maoirseachta CITIC Pacific Special Steel agus leas-rúnaí an Choiste Pháirtí ([36]).

(67) Thairis sin, tá beartais i bhfeidhm in earnáil an táirge faoi athbhreithniú lena ndéantar idirdhealú i bhfabhar táirgeoirí intíre nó lena n-imrítear tionchar ar an margadh ar shlí eile de réir bhrí Airteagal 2(6a) (b), an tríú fleasc den bhun-Rialachán. Sainaithníodh san imscrúdú doiciméid eile inar léiríodh go dtairbhíonn an tionscal de threoir agus d'idirghabháil rialtais san earnáil cruach, i bhfianaise gur ceann dá fo-earnálacha é an táirge faoi athbhreithniú.

(68) Measann Rialtas na Síne gur tionscal ríthábhachtach é an tionscal cruach i gcónaí ([37]). Deimhnítear é sin san iliomad pleananna, treoracha agus doiciméid eile atá dírithe ar an earnáil cruach, pleananna, treoracha agus doiciméid a eisítear ar an leibhéal náisiúnta, réigiúnach agus cathrach. De réir an 14ú Plean 5 Bliana, chuir Rialtas na Síne an tionscal cruach in áirithe lena chlaochlú agus lena uasghrádú, chomh maith lena bharrfheabhsú agus lena choigeartú ar bhonn struchtúrach ([38]). Ar an gcaoi chéanna, liostaítear an earnáil sa 14ú Plean 5 Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt, is infheidhme freisin ar an tionscal cruach, mar '*bhunchloch an fhíorgheilleagair*' agus mar '*phríomhréimse lena múnlaítear buntáiste iomaíoch idirnáisiúnta na Síne*' agus leagtar amach leis roinnt cuspóirí agus modhanna oibre a spreagfadh forbairt na hearnála cruach sa tréimhse ama 2021-2025, amhail uasghrádú teicneolaíochta, feabhas a chur ar struchtúr na hearnála (trí thuilleadh comhchruinnithe corparáideacha ar a laghad) nó an t-aistriú digiteach ([39]).

(69) An t-amhábhar tábhachta a úsáidtear chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh is ea amhiarann. Luaitear amhiarann sa 14ú Plean 5 Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt, ina bhfuil sé beartaithe ag an Stát '*acmhainní mianraí intíre a fhorbairt go réasúnach. Taiscéalaíocht amhiarainn a neartú* […]*, beartais chánach fhabhracha a chur i bhfeidhm, glacadh ardteicneolaíochta agus trealaimh a spreagadh chun giniúint dramhaíola soladaí mianadóireachta a laghdú.*' ([40]) I gcúigí, mar Hebei, déanann na húdaráis an méid seo a leanas a thuar don earnáil: '*fóirdheontas lascaine le*

([30]) Plean Oibre Chúige Jiangsu maidir leis an Earnáil Cruach a Athchóiriú agus a Uasghrádú agus Optamú a dhéanamh ar an Leagan Amach 2019-2025; le fáil ag: http://www.jiangsu.gov.cn/art/2019/5/5/art_46144_8322422.html (arna rochtain an 23 Feabhra 2023).

([31]) An 14ú Plean 5 Bliana do Chúige Shandong maidir leis an Tionscal Cruach a fhorbairt; le fáil ag: http://gxt.shandong.gov.cn/art/2021/11/18/art_15681_10296246.html (arna rochtain an 23 Feabhra 2023).

([32]) Plean Gníomhaíochta 2020 Chúige Shanxi maidir leis an Tionscal Cruach a Athrú agus a Uasghrádú; le fáil ag: http://gxt.shanxi.gov.cn/zfxxgk/zfxxgkml/cl/202110/t20211018_2708031.shtml (arna rochtain an 23 Feabhra 2023).

([33]) An 14ú Plean 5 Bliana de chuid Bhardas Liaoning Dalian chun Tionscal Monaraíochta a Fhorbairt: '*Faoi 2025, sroichfidh luach aschuir thionsclaíoch na n-amhábhar nua 15 mhilliún yuan, agus is léir go bhfuil feabhas tagtha ar chumas ráthaíochta trealaimh agus príomhábhair.*'; le fáil ag: https://www.dl.gov.cn/art/2021/12/20/art_854_1995411.html (arna rochtain an 23 Feabhra 2023).

([34]) Plean Gníomhaíochta Chúige Zhejiang chun Forbairt Ardchaighdeáin ar an Tionscal Cruach a Chothú: '*Cumaisc agus atheagrú fiontair a chothú, an próiseas comhchruinnithe a luathú, líon na bhfiontar bruithnithe cruach a laghdú go dtí thart ar 10 bhfiontar*'; le fáil ag: https://www.dl.gov.cn/art/2021/12/20/art_854_1995411.html (arna rochtain an 23 Feabhra 2023).

([35]) Leathanach 38 de Thuarascáil Bhliantúil 2021 CITIC Pacific Special Steel; le fáil ag: file.finance.sina.com.cn/211.154.219.97:9494/MRGG/CNSESZ_STOCK/2022/2022-3/2022-03-11/7877748.PDF (arna rochtain an 23 Feabhra 2023).

([36]) Ibid, lch. 39.

([37]) Tuarascáil, Cuid III, Caibidil 14, lgh. 346 ff.

([38]) Féach 14ú Plean 5 Bliana Dhaon-Phoblacht na Sine maidir le Forbairt Eacnamaíoch agus Shóisialta Náisiúnta agus Cuspóirí Fadraoin do 2035, Cuid III, Airteagal VIII, le fáil ag: https://cset.georgetown.edu/publication/china-14th-five-year-plan/ (arna rochtain an 23 Feabhra 2023).

([39]) Féach go háirithe Ranna I agus II den 14ú Plean 5 Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt.

([40]) Féach an 14ú Plean 5 Bliana maidir le Tionscal na nAmhábhar a Fhorbairt, lch. 22.

haghaidh infheistíochta i dtionscadail nua; institiúidí airgeadais a iniúchadh agus a threorú chun iasachtaí ar ús íseal a sholáthar d'fhiontair iarainn agus cruach chun aistriú chuig tionscail nua, agus an tráth céanna, cuirfidh an rialtas fóirdheontais lascaine ar fáil.' ([41]) Mar achoimre, tá bearta i bhfeidhm ag Rialtas na Síne chun oibreoirí a spreagadh chun cuspóirí beartais phoiblí maidir le tacú le tionscail spreagtha a chomhlíonadh, lena n-áirítear táirgeadh na bpríomh-amhábhar a úsáidtear i monaraíocht an táirge faoi athbhreithniú. Cuireann bearta den sórt sin cosc ar fhórsaí an mhargaidh oibriú gan bhac.

(70) Déanann an saobhadh ar chostais pá difear freisin don táirge faoi athbhreithniú de réir bhrí Airteagal 2(6a) (b), cúigiú fleasc den bhun-Rialachán, agus freisin dá dtagraítear thuas in aithris 58 Déanann an saobhadh sin difear don earnáil go díreach (nuair a bhíonn an táirge faoi athbhreithniú nó na príomh-ionchuir á dtáirgeadh) agus go hindíreach araon (le linn rochtain ar ionchuir ó chuideachtaí atá faoi réir an chórais saothair chéanna i nDaon-Phoblacht na Síne) ([42]).

(71) Thairis sin, níor cuireadh aon fhianaise isteach san imscrúdú reatha lenar léiríodh nach ndéanann an idirghabháil ón rialtas sa chóras airgeadais aon difear d'earnáil an táirge faoi athbhreithniú de réir bhrí Airteagal 2(6a)(b), an séú fleasc den bhun-Rialachán, rud dá dtagraítear thuas in aithris 58 freisin. Dá bhrí sin, déantar difear tromchúiseach do dhálaí an mhargaidh ar gach leibhéal de dheasca idirghabháil shubstainteach an rialtais sa chóras airgeadais.

(72) Ar deireadh, meabhraíonn an Coimisiún gur gá roinnt ionchur chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Nuair a cheannaíonn táirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú na hionchuir sin nó nuair a dhéanann siad conarthaí lena n-aghaidh, is léir go mbíonn na praghsanna a íocann siad (agus a dhéantar a thaifeadadh mar a gcuid costas) neamhchosanta ar an saobhadh sistéamach céanna a luadh roimhe. Mar shampla, fostaíonn soláthróirí na n-ionchur lucht saothair a bhíonn faoi réir an tsaofa. Féadfaidh siad airgead a fháil ar iasacht a bheidh faoi réir shaobhadh na hearnála airgeadais/leithdháileadh an chaipitil. Ina theannta sin, bíonn siad faoi réir an chórais pleanála is infheidhme maidir le gach leibhéal rialtais agus earnálacha.

(73) Dá bharr sin, ní hamháin nach iomchuí praghsanna díola intíre an táirge faoi athbhreithniú a úsáid de réir bhrí Airteagal 2(6a) (a) den bhun-Rialachán, ach tá na costais ionchuir uile faoi thionchar freisin (lena n-áirítear amhábhair, fuinneamh, talamh, maoiniú, lucht saothair, etc.) toisc go ndéanann idirghabháil shubstaintiúil an rialtais difear dá bpraghasmhúnlú, mar a thuairiscítear i gCodanna I agus II den Tuarascáil. Go deimhin, tá idirghabhálacha an rialtais a thuairiscítear i ndáil le leithdháileadh an chaipitil, na talún, an lucht saothair, an fhuinnimh agus na n-amhábhar le fáil ar fud na Síne. Ciallaíonn sé sin, mar shampla, go mbíonn ionchur, a táirgeadh i nDaon-Phoblacht na Síne trí raon tosca táirgeachta a chur le chéile, neamhchosanta ar shaobhadh suntasach. Is amhlaidh an scéal maidir leis an ionchur don ionchur agus mar sin de.

(74) Mar achoimre, léirigh an fhianaise a bhí ar fáil nach toradh ar shaor-imoibriú fhórsaí an mhargaidh iad praghsanna ná costais an táirge faoi athbhreithniú, lena n-áirítear costais na n-amhábhar, an fhuinnimh agus an tsaothair, toisc go bhfuil siad faoi thionchar idirghabhálacha substaintiúla ón rialtas de réir bhrí Airteagal 2(6a) (b) den bhun-Rialachán, mar a léiríonn an tionchar iarbhír nó an tionchar féideartha atá ag ceann amháin nó níos mó de na heilimintí ábhartha a liostaítear iontu. Ar an mbonn sin, agus in éagmais aon chomhoibriú ó Rialtas na Síne, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach iomchuí praghsanna agus costais intíre a úsáid chun gnáthluach a shuí sa chás sin. Dá bhrí sin, chuaigh an Coimisiún ar aghaidh leis an ngnáthluach a bhunú go heisiach ar bhonn na gcostas táirgthe agus díola agus praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa á léiriú, is é sin, sa chás seo, ar bhonn na gcostas comhfhreagrach táirgthe agus díola i dtír ionadaíoch iomchuí, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a) (a) den bhun-Rialachán, mar a tuairiscíodh sa roinn a leanas.

(75) Níor thug Rialtas na Síne aon fhianaise ná argóint ina choinne sin san imscrúdú atá ann faoi láthair.

([41]) Féach Plean Gníomhaíochta Bhardas Hebei Tangshan maidir le Cruach agus Iarainn 1 + 3 2022, Caibidil 4, Roinn 2; le fáil ag: http://www.chinaisa.org.cn/gxportal/xfgl/portal/content.html?articleId=e2bb5519aa49b566863081d57aea9dfdd59e1a4f482bb7acd243e3ae7657c70b&columnId=3683d857cc4577e4cb75f76522b7b82cda039ef70be46ee37f9385ed3198f68a (arna rochtain an 23 Feabhra 2023).

([42]) Féach Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/635, aithrisí 134-135 agus Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/508, aithrisí 143-144.

4.4. **Tír ionadaíoch**

4.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(76) Bunaíodh roghnú na tíre ionadaíche ar na critéir seo a leanas de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán:

— Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne. Chun na críche sin, d'úsáid an Coimisiún tíortha a bhfuil ollioncam náisiúnta *per capita* acu atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne, ar bhonn bhunachar sonraí an Bhainc Dhomhanda ([43]);

— Táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú sa tír sin ([44]);

— Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch.

— I gcás ina bhfuil níos mó ná rogha féideartha amháin i ndáil le tír ionadaíoch, ba cheart tús áite a thabhairt, i gcás inarb iomchuí, don tír ina bhfuil leibhéal leordhóthanach cosanta sóisialta agus comhshaoil.

(77) Mar a mhínítear in aithris 49, d'eisigh an Coimisiún Nóta faoi na foinsí chun an gnáthluach a shuí. Tugtar tuairisc leis an Nóta sin ar na fíorais agus ar an bhfianaise is bun leis na critéir ábhartha. Chuir an Coimisiún páirtithe leasmhara ar an eolas sa Nóta freisin go raibh sé ar intinn aige Meicsiceo a bhreithniú mar thír ionadaíoch iomchuí sa chás reatha dá mba rud é go ndeimhneofaí gurbh ann do shaobhadh suntasach de bhun Airteagal 2(6a) den bhun-Rialachán.

4.4.2. *Leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil leis an tSín agus táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú*

(78) Sa Nóta, shainaithin an Coimisiún 55 thír mar thíortha lena mbaineann leibhéal forbartha eacnamaíche atá cosúil le Daon-Phoblacht na Síne de réir an Bhainc Dhomhanda, i.e. aicmíonn an Banc Domhanda iad uile mar thíortha 'ard-mheánioncaim' ar bhonn ollioncam náisiúnta ([45]).

(79) De réir na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún, táirgtear an táirge faoi athbhreithniú i seacht dtír: Ceanada, an tSeapáin, Meicsiceo, Cónaidhm na Rúise, an Araib Shádach, an Chóiré Theas agus SAM. Níl ach péire de na seacht dtír i measc na 55 thír a shainaithin an Banc Domhanda amhail ollioncam náisiúnta cosúil le Daon-Phoblacht na Síne a bheith acu – an grúpa 'ar mheánioncam uachtarach'. Is iad na tíortha sin Meicsiceo agus Cónaidhm na Rúise.

(80) Rinne an Coimisiún measúnú breise ar shaobhadh margaidh a bheith ann trí shrianta onnmhairithe agus/nó allmhairithe ar an táirge faoi athbhreithniú, chomh maith leis na hamhábhair, is iad sin iad siúd a léiríonn na míreanna is tábhachtaí de chostas monaraíochta a úsáidtear chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh. Shuigh sé, i gCónaidhm na Rúise, gur ann do shrianta trádála ar dhramhchruach, leictreachas agus gás, ar tosca táirgeachta tábhachtacha iad uile le haghaidh táirgeadh an táirge faoi athbhreithniú. I bhfianaise na srianta trádála sin i gCónaidhm na Rúise, mheas an Coimisiún nárbh fhéidir Cónaidhm na Rúise a bhreithniú mar thír ionadaíocht iomchuí.

(81) Ní bhfuarthas aon srian den sórt sin le haghaidh Mheicsiceo. Bhí an leibhéal céanna forbartha eacnamaíche i Meicsiceo is a bhí i nDaon-Phoblacht na Síne agus níor suíodh srianta ar bith ar thosca táirgeachta ná ar an táirge faoi athbhreithniú.

([43]) Sonraí Oscailte an Bhainc Dhomhanda – Meánioncam Uachtarach, https://data.worldbank.org/income-level/upper-middle-income.

([44]) Mura bhfuil an táirge faoi athbhreithniú á tháirgeadh in aon tír lena mbaineann leibhéal forbartha eacnamaíche comhchosúil, féadfar táirgeadh táirge san aicme agus/nó san earnáil ghinearálta chéanna den táirge faoi athbhreithniú a bhreithniú.

([45]) Tar éis neamhaird a dhéanamh ar an mBulgáir, atá ina chomhalta den Aontas, d'fhéadfaí breith a dhéanamh ar na tíortha 'ar mheánioncaim uachtarach' a leanas don phróiseas chun an tír ionadaíoch féideartha a shainaithint: An Albáin, Samó Mheiriceá, an Airgintín, an Airméin, an Asarbaiseáin, an Bhealarúis, an Bhealarúis, an Bhoisnia agus an Heirseagaivéin, an Bhotsuáin, an Bhrasaíl, an Cholóim, Cósta Ríce, Cúba, Doiminice, an Phoblacht Dhoiminiceach, Eacuadór, an Ghuine Mheánchiorclach, Fidsí, an Ghabúin, an tSeoirsia, Greanáda, Guatamala, an Ghuáin, an Indinéis, an Iaráin, an Iaráic, Iamáice, an Iordáin, an Chasacstáin, an Chosaiv, an Liobáin, an Mhalaeisia, Oileáin Mhaildíve, Oileáin Marshall, Meicsiceo, Montainéagró, an Namaib, an Mhacadóin Thuaidh, Paragua, Peiriú, Cónaidhm na Rúise, Samó, an tSeirbia, an Afraic Theas, Saint Lucia, San Uinseann agus na Greanáidíní, Suranam, an Téalainn, Tonga, Türkiye, an Tuircméanastáin, Túvalú agus Veiniséala.

(82) Tar éis tionscnaimh, d'áitigh táirgeoirí onnmhairiúcháin Daye Special Steel Co., Ltd agus Zhejiang Pacific Seamless Steel Tube Co., Ltd go mb'fhéidir nach gcomhlíonfadh Meicsiceo na critéir go foriomlán le bheith ina thríú tír iomchuí mar: ar an gcéad dul síos, is cosúil go bhfuil na próiseas táirgthe difriúil ón gceann atá ag táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne; agus ar an dara dul síos, is cosúil go bhfuil an raon táirgí a tháirgeann táirgeoirí Mheicsiceo i bhfad níos cúinge (nó níl sé chomh héagsúlaithe) ná na cinn a tháirgeann agus a onnmhairíonn táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne.

(83) Seachas an maíomh ginearálta sin, ní raibh aon fhianaise choincréiteach in aighneacht na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin maidir leis an gcúis go raibh an próiseas táirgthe agus raon táirgí tháirgeoirí an táirge faoi athbhreithniú i Meicsiceo difriúil i gcomparáid le Daon-Phoblacht na Síne agus cén tionchar a bheadh ar na tosca táirgeachta. Dhiúltaigh an Coimisiún don mhaíomh dá bhrí sin. Ní bhfuarthas aon bharúil eile ina dhiaidh sin.

4.4.3. *Infhaighteacht sonraí poiblí ábhartha sa tír ionadaíoch*

(84) Rinne an Coimisiún anailís ar allmhairí na bpríomhthosca táirgeachta go Meicsiceo. Léiríodh san anailís ar shonraí allmhairithe go n-allmhairítear na tosca táirgeachta a úsáidtear chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh go Meicsiceo i gcainníochtaí leordhóthanacha le bheith ina thagarmharc iomchuí agus nach ndearna na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne ná ó aon cheann de na tíortha a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([46]) difear do na hallmhairí sin.

(85) Shainaithin an Coimisiún freisin cuideachta - Tamsa - a bhfuil a sonraí airgeadais le déanaí maidir le forchostas monaraíochta, costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabús a chinneadh, ar fáil bunaithe ar shonraí airgeadais Ghrúpa Tenaris (féach Roinn 4.7.5).

(86) I bhfianaise na mbreithnithe thuas, chuir an Coimisiún na páirtithe leasmhara ar an eolas go raibh sé beartaithe aige Meicsiceo a úsáid mar thír ionadaíoch iomchuí agus an chuideachta Tamsa a úsáid chun praghsanna nó tagarmharcanna neamhshaofa a aimsiú ar mhaithe leis an ngnáthluach a ríomh, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

(87) Iarradh ar pháirtithe leasmhara a mbarúlacha a thabhairt ar oiriúnacht Mheicsiceo mar thír ionadaíoch agus Tamsa mar tháirgeoir an táirge faoi athbhreithniú sa tír ionadaíoch.

(88) Seachas na barúlacha dá dtugtar tuairisc in aithris 82, ní bhfuarthas aon bharúil ina dhiaidh sin.

4.5. **Leibhéal cosanta sóisialta agus comhshaoil**

(89) Tar éis a shuí gurb é Meicsiceo an t-aon tír ionadaíoch iomchuí amháin, bunaithe ar na gnéithe thuasluaite uile, ní raibh aon ghá measúnú a dhéanamh ar leibhéal na cosanta sóisialta agus an chomhshaoil i gcomhréir leis an abairt deiridh d'Airteagal 2(6a)(a) an chéad fhleasc den bhun-Rialachán.

4.6. **Conclúid**

(90) I bhfianaise na hanailíse thuas, chomhlíon Meicsiceo na critéir a leagtar síos in Airteagal 2(6a) (a), an chéad fhleasc den bhun-Rialachán, chun go measfar é a bheith ina thír ionadaíoch iomchuí.

4.7. **Foinsí arna n-úsáid chun costais neamhshaofa a shuí**

(91) Sa Nóta maidir le foinsí chun an gnáthluach a chinneadh, liostaigh an Coimisiún na tosca táirgeachta amhail ábhair, fuinneamh agus saothar a úsáideann na táirgeoirí onnmhairiúcháin i dtáirgeadh an táirge faoi athbhreithniú agus d'iarr sé ar na páirtithe leasmhara a mbarúil a thabhairt agus faisnéis atá ar fáil go poiblí a mholadh maidir le luachanna neamhshaofa le haghaidh gach ceann de na tosca táirgeachta a luaitear sa nóta sin.

([46]) Rialachán (AE) 2015/755 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 29 Aibreán 2015 maidir le comhrialacha d'allmhairí ó thríú tíortha áirithe IO L 123, 19.5.2015, lch. 33 arna leasú le rialachán tarmligthe (AE) 2017/749 ón gCoimisiún an 24 Feabhra 2017 (IO L 113, 29.4.2017, lch. 11).

(92) Luaigh an Coimisiún freisin, d'fhonn an gnáthluach a ríomh i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán, go n-úsáidfeadh sé bunachar sonraí Atlas Trádála Domhanda ('GTA') ([47]) chun an costas neamhshaofa a shuí maidir le formhór na dtosca táirgeachta sa tír ionadaíoch, go sonrach na hamhábhair.

(93) I bhfianaise na faisnéise uile atá bunaithe ar an iarraidh agus ar an bhfaisnéis a chuir an t-iarratasóir/na páirtithe leasmhara isteach ina dhiaidh sin agus a bailíodh le linn na gcuairteanna fíorúcháin, sainaithníodh na tosca táirgthe seo a leanas agus a bhfoinsí chun an gnáthluach a dhéanamh amach i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán:

Tábla 1

Tosca táirgeachta agus foinse faisnéise

Amhábhair	Cód an Tráchtearra i Meicsiceo	Luach	Aonaid	Foinse na faisnéise
Billéid (táirge leath-chríochnaithe d'iarann nó de chruach neamh-chóimhiotail ina bhfuil carbón 0,25 % de réir meáchain)	720720	4,72	CNY/KG	GTA
Uisce	22019001 22019090	2,01	CNY/L	GTA
Nítrigin	280430	1,14	CNY/KG	GTA
Lucht saothair				
Lucht saothair	N/B	17,21	CNY/uair an chloig	An Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair (EIS)
Fuinneamh				
Leictreachas	N/B	1,09	CNY/Kwh	GlobalPetrolPrices.com
Gás	[N/BH]	0,12	CNY/m3	CRE ('Comisión Reguladora de Energía')
Fotháirge/dramhaíl				
Dramhchruach	720410 720441 720449	3,31	CNY/KG	GTA
Gearrthóirí athchúrsála – dramhchruach	72041001	3,47	CNY/KG	GTA

4.7.1. *Amhábhair*

(94) Chun praghas neamhshaofa na n-amhábhar a shuí, mar a dhéantar iad a sheachadadh ag geata táirgeora tíre ionadaíche, d'úsáid an Coimisiún an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe chuig an tír ionadaíoch, mar a thuairiscítear in GTA mar bhonn agus cuireadh dleachtanna allmhairiúcháin leis. Cinneadh praghas allmhairiúcháin sa tír ionadaíoch mar mheán ualaithe phraghsanna aonaid na n-allmhairí ó gach tríú tír seachas Daon-Phoblacht na Síne ná tíortha nach comhaltaí den Eagraíocht Dhomhanda Trádála iad, a liostaítear in Iarscríbhinn I de Rialachán (AE) 2015/755. Chinn an Coimisiún na hallmhairí ón tSín sa tír ionadaíoch a chur as an áireamh, toisc gur

([47]) https://www.gtis.com/gta/

shocraigh sé nach iomchuí praghsanna agus costais intíre sa tSín a úsáid i bhfianaise saobhadh suntasach a bheith ann, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(b) den bhun-Rialachán. De bhrí nach bhfuil aon fhianaise ann lena léirítear nach ndéanann an saobhadh céanna difear comhionann do tháirgí a bhfuil sé beartaithe iad a onnmhairiú, mheas an Coimisiún go ndéanann an saobhadh céanna difear do phraghsanna onnmhairiúcháin. Tar éis allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an tír ionadaíoch a eisiamh, bhí méid na n-allmhairí ó thríú tíortha eile ionadaíoch fós. Rinneadh an meánphraghas allmhairiúcháin ualaithe a choigeartú i gcás dleachtanna ar allmhairí, i gcás inarb iomchuí.

(95) I gcás líon tosca táirgeachta, b'ionann na costais iarbhír arna dtabhú ag táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha agus sciar diomaibhseach de na costais amhábhar iomlána le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ós rud é nach raibh aon tionchar suntasach ag an luach a úsáidtear dóibh siúd ar na ríomhanna maidir le corrlach dumpála, gan beann ar an bhfoinse a úsáideadh, chinn an Coimisiún na costais sin a áireamh le tomhaltáin.

(96) Ina mbarúlacha tar éis an nochta deiridh, cheistigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha an modh a d'úsáid an Coimisiún chun luachanna neamhshaofa a ríomh le haghaidh tomhaltán. In ionad méid iomlán na dtomhaltán a shuí mar chéatadán de chostais iomlána na n-amhábhar díreach agus an céatadán sin a chur i bhfeidhm maidir leis na costais iomlána amhábhar neamhshaofa (an tagarmharc), áitíodh gur cheart don Choimisiún luach neamhshaofa a úsáid le haghaidh gach míre ar leith.

(97) Luaigh an Coimisiún gurb é an cleachtas caighdeánach atá aige gan tagarmharc aonair le haghaidh tomhaltáin a ríomh ach iad a chur in iúl mar chéatadán de chostas iomlán na n-amhábhar ar bhonn na sonraí costais arna dtuairisciú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin agus ansin an céatadán sin a chur i bhfeidhm ar chostas athríofa na n-ábhar agus na praghsanna neamhshaofa seanbhunaithe á n-úsáid. Ina theannta sin, mar a mhínítear in aithris 95, is luach diomaibhseach a bhí sna costais sin agus beag beann ar an modh a úsáideadh, ní bheadh aon tionchar suntasach acu ar na ríomhanna corrlaigh dumpála. Mheas an Coimisiún go raibh a mhodheolaíocht chun luach neamhshaofa le haghaidh tomhaltán a ríomh iomchuí, sa mhéid is gur chaomhnaigh sé struchtúr costais na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ábhartha. Thairis sin, ní raibh aon fhaisnéis níos fearr ar fáil tráth an imscrúdaithe agus ós rud é nár thug na táirgeoirí onnmhairiúcháin bunús lena mbarúlacha trí chainníochtú a dhéanamh ar an tionchar a bheadh ag úsáid an mhodha atá beartaithe dóibh. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh maidir le tomhaltáin.

(98) Shloinn an Coimisiún an costas iompair arna thabhú ag táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chun amhábhair den sórt sin a sholáthar mar chéatadán de chostas iarbhír na n-amhábhar sin agus chuir sé an céatadán céanna i bhfeidhm ar chostas neamhshaofa na n-amhábhar céanna chun an costas iompair neamhshaofa a fháil. Mheas an Coimisiún go bhféadfaí, i gcomhthéacs an imscrúdaithe sin, an cóimheas idir amhábhar an táirgeora onnmhairiúcháin agus na costais iompair thuairiscithe a úsáid go réasúnta mar tháscaire chun meastachán a dhéanamh ar chostais neamhshaofa na n-amhábhar nuair a sheachadtar chuig monarcha na cuideachta iad.

4.7.2. *Lucht saothair*

(99) Soláthraíonn an Eagraíocht Idirnáisiúnta Saothair ('ILO') faisnéis maidir le meántuilleamh míosúil fostaithe agus meánuaireanta seachtainiúla a oibrítear in aghaidh an duine fostaithe i Meicsiceo gach bliain in earnálacha difriúla.

(100) D'úsáid an Coimisiún an fhaisnéis sin ó 2021 chun an meántuarastal in aghaidh na huaire san earnáil monaraíochta a chinneadh ([48]). Chun an costas foriomlán saothair a ríomh, bhraith an Coimisiún ar na sonraí, arna bhfoilsiú ag ECFE in Taxing Wages 2021, inar cumhdaíodh an tréimhse 2021 ([49]). Chuig an bpá in aghaidh na huaire sa mhonaraíocht, chuir an Coimisiún ranníocaíochtaí slándáil shóisialta.

([48]) Le fáil ag: https://view.officeapps.live.com/op/view.aspx?src=https%3A%2F%2Fwww.ilo.org%2Filostat-files%2FDocuments%2FExcel%2FIndicator%2FEAR_4MTH_SEX_ECO_CUR_NB_A_EN.xlsx&wdOrigin=BROWSELINK (arna amharc go deireadh an 11 Feabhra 2023).

([49]) https://www.oecd-ilibrary.org/sites/83a87978-en/1/3/2/24/index.html?itemId=/content/publication/83a87978-en&_csp_=3445743d6909dcc02824b5f0a2e07895&itemIGO=oecd&itemContentType=book (arna amharc go deireadh an 14 Feabhra 2023).

4.7.3. *Leictreachas*

(101) Foilsíonn GlobalPetrolPrices.com na meánphraghsanna leictreachais le haghaidh gnólachtaí in aghaidh an kWh i Meicsiceo in 2021, i.e., an foinse a sainaithníodh san iarraidh ar athbhreithniú. Ar bhonn an phraghais sin, chinn an Coimisiún an meánphraghas leictreachais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe (2021) ([50]).

4.7.4. *Gás nádúrtha*

(102) Foilsíonn an rialtóir fuinnimh '*Comisión Reguladora de Energía*" (CRE) ' praghas an gháis nádúrtha do chuideachtaí (úsáideoirí tionsclaíocha) i Meicsiceo ar bhonn míosúil. D'úsáid an Coimisiún meánphraghas do ghnólachtaí a thuairiscigh CRE le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ([51]).

4.7.5. *Forchostais mhonaraíochta, costais SGA, brabúis*

(103) De réir Airteagal 2(6a) (a) den bhun-Rialachán, '*ní mór méid neamhshaofa agus réasúnach i gcomhair costais riaracháin, díola agus ghinearálta agus i gcomhair brabús a bheith* san áireamh *sa ghnáthluach comhdhéanta*'. Ina theannta sin, ní mór luach ar fhorchostais mhonaraíochta a bhunú chun costais a chumhdach nach n-áirítear sna tosca táirgeachta dá dtagraítear thuas.

(104) Chun méid neamhshaofa agus réasúnach a shuí le haghaidh costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabúis, d'úsáid an Coimisiún sonraí airgeadais a bhaineann le gníomhaíochtaí Tamsa, a bhí ar fáil laistigh de chuntais airgeadais chomhdhlúite na máthairchuideachta, Tenaris S.A ([52]).

(105) Sloinneadh na forchostais mhonaraíochta arna dtabhú ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha mar sciar de chostais na monaraíochta arna dtabhú go hiarbhír ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin. Cuireadh an céatadán sin chun feidhme maidir le costais neamhshaofa na monaraíochta.

(106) Ina mbarúlacha tar éis an nochta deiridh, cheistigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha an modh a d'úsáid an Coimisiún chun forchostais a ríomh ar na cúiseanna céanna ar cheistigh siad an modh a úsáideadh chun tomhaltáin a ríomh, féach an aithris 96, agus d'áitigh siad gur cheart don Choimisiún, in ionad cóimheas le haghaidh forchostas a úsáid agus é sin a chur i bhfeidhm ar an gcostas díreach neamhshaofa, na tosca uile a bhunú ar leithligh agus luachanna ionadacha a chur ina n-ionad sin.

(107) Maidir leis an maíomh sin, thug an Coimisiún dá aire nach raibh na sonraí forchostais ar leithligh ar fáil go héasca i ráitis airgeadais an táirgeora sa tír ionadaíoch. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh a mhodheolaíocht chun luach neamhshaofa le haghaidh forchostas a ríomh iomchuí, sa mhéid is gur chaomhnaigh sé struchtúr costais na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin ábhartha. Thairis sin, ós rud é nár mhol na táirgeoirí onnmhairiúcháin tagarmharc neamhshaofa malartach le haghaidh forchostais, ní raibh aon fhaisnéis níos fearr ar fáil. Dá bhrí sin, diúltaíodh don mhaíomh maidir le forchostais.

4.7.6. *Ríomh an ghnáthluacha*

(108) Ar bhonn a bhfuil thuas, rinne an Coimisiún an gnáthluach a ríomh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha, i gcomhréir le hAirteagal 2(6a) (a) den bhun-Rialachán.

(109) Ar an gcéad dul síos, shuigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta neamhshaofa. Chuir an Coimisiún na costais aonaid neamhshaofa i bhfeidhm ar thomhaltas iarbhír thosca táirgeachta aonair na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríoch. Laghdaigh an Coimisiún na costais mhonaraíochta le costais neamhshaofa na bhfotháirgí a athúsáidtear sa phróiseas táirgthe. Fíoraíodh na cóimheasa tomhaltais sin le linn an fhíoraithe. D'iolraigh an Coimisiún na cóimheasa tomhaltais faoi na costais neamhshaofa in aghaidh an aonaid a tugadh faoi deara sa tír ionadaíoch, Meicsiceo, mar a thuairiscítear i dTábla 1.

([50]) https://www.globalpetrolprices.com/Mexico/, (arna amharc go deireadh an 14 Feabhra 2023).
([51]) https://www.cre.gob.mx/IPGN/index.html, (arna amharc go deireadh an 14 Feabhra 2023).
([52]) https://ir.tenaris.com/static-files/ddffd7cb-994e-493a-b85a-2586f03046c6, (arna amharc go deireadh an 14 Feabhra 2023).

(110) Nuair a suíodh costas neamhshaofa na monaraíochta, chuir an Coimisiún na forchostais mhonaraíochta, costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus an brabús leis mar a shonraítear i Roinn 4.7.5. Socraíodh na forchostais mhonaraíochta bunaithe ar shonraí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Cinneadh costais díola, ghinearálta agus riaracháin agus brabús bunaithe ar ráitis airgeadais Ghrúpa Tenaris ([53]) 2021, inar ionchorpraíodh an fhochuideachta Mheicsiceach Tamsa. Chuir an Coimisiún na míreanna seo a leanas leis an gcostas neamhshaofa monaraíochta:

— Is éard a bhí i bhforchostais na monaraíochta ar an iomlán 7,8 % de chostais dhíreacha na monaraíochta,

— Costais díola, ghinearálta agus riaracháin, arbh ionann iad agus 26,16 % de Chostais na nEarraí a Díoladh de chuid Ghrúpa Tenaris inar ionchorpraíodh an fhochuideachta Mheicsiceach Tamsa agus,

— Brabúis, ar 15,34 % de Chostais na nEarraí a Díoladh iad mar a ghnóthaigh Grúpa Tenaris.

(111) Ar an mbonn sin, rinne an Coimisiún an gnáthluach a chomhdhéanamh de réir chineál an táirge ar bhonn an phraghais dhírigh ón monarcha i gcomhréir le hAirteagal 2(6a) (a) den bhun-Rialachán.

(112) Cheistigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin an chaoi a ndearna an Coimisiún costais SG&A agus brabúis a chinneadh trína fhiafraí cén fáth ar sloinneadh SG &A agus brabús mar chéatadán de COGS seachas láimhdeachas, cibé acu a áiríodh costais díola dhírigh in SG &A nó nár áiríodh agus cén fáth ar úsáid an Coimisiún SG &A agus brabús Ghrúpa Tenaris in ionad an táirge lena mbaineann de chuid fhochuideachta Tamsa Mheicsiceo.

(113) Thug an Coimisiún dá aire gur den chleachtas caighdeánach é SG&A agus brabús a shloinneadh mar chéatadán de COGS chun an gnáthluach a ríomh agus costais díola dhírigh a áireamh in SG &A. Ceanglaítear le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán go ndéanfar an gnáthluach a ríomh ar bhonn costais táirgthe agus go gcuirfear san áireamh ann méid réasúnach agus neamhshaofa le haghaidh chostais SG&A agus brabús. Dá bhrí sin, chun an gnáthluach a ríomh bunaithe ar chostais, ní mór costais SG &A agus an brabús atá le cur leis na costais sin a shloinneadh de réir fheidhm na gcostas sin. D'úsáid an Coimisiún costais SG &A agus brabús ghrúpa Tenaris toisc nach raibh costais SG &A agus brabús Tamsa ar fáil, agus ós rud é gurbh iad sonraí ghrúpa Tenaris an rogha mhalartach ab fhearr a bhí ar fáil go héasca. Dá bhrí sin, mheas an Coimisiún go raibh a mhodheolaíocht chun costais SG &A agus an brabús a ríomh iomchuí, go háirithe ós rud é nach raibh aon fhaisnéis níos fearr ar fáil agus dhiúltaigh sé don mhaíomh.

4.7.7. *An praghas onnmhairiúcháin*

(114) D'onnmhairigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an Aontas go díreach chuig custaiméirí neamhspleácha nó trí thrádálaí gaolmhar a bhí lonnaithe i nDaon-Phoblacht na Síne.

(115) Chinn an Coimisiún an praghas onnmhairiúcháin amhail an praghas iarbhír a íocadh nó a bhí iníoctha iarbhír le haghaidh an táirge faoi athbhreithniú nuair a díoladh lena onnmhairiú leis an Aontas é, i gcomhréir le hAirteagal 2(8) den bhun-Rialachán.

4.7.8. *Comparáid*

(116) Chuir an Coimisiún an gnáthluach ríofa arna shuí i gcomhréir le hAirteagal 2(6a)(a) den bhun-Rialachán i gcomparáid, in aghaidh chineál an táirge, le praghas onnmhairiúcháin na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha ar bhonn an phraghais díreach ón monarcha mar a shuitear thuas.

(117) I gcás ina raibh údar leis mar gheall ar an ngá a bhí le comparáid chothrom a áirithiú, choigeartaigh an Coimisiún an gnáthluach agus/nó an praghas onnmhairiúcháin le haghaidh difríochtaí lena ndéantar difear do phraghsanna agus d'inchomparáideacht praghsanna, i gcomhréir le hAirteagal 2(10) den bhun-Rialachán. Rinneadh coigeartuithe le haghaidh táillí bainc, coimisiúin, costais chreidmheasa, lasta, láimhseáil, lascainí eile, pacáil agus árachas.

4.7.9. *Corrlaigh dhumpála*

(118) Maidir leis na táirgeoirí onnmhairiúcháin a sampláladh, rinne an Coimisiún comparáid idir gnáth-mheánluach ualaithe gach cineáil de chuid an táirge chomhchosúil agus meánphraghas onnmhairiúcháin ualaithe chineál chomhfhreagrach an táirge faoi athbhreithniú, i gcomhréir le hAirteagal 2(11) agus (12) den bhun-Rialachán.

([53]) https://ir.tenaris.com/static-files/ddffd7cb-994e-493a-b85a-2586f03046c6, (arna amharc go deireadh an 14 Feabhra 2023).

(119) Ar an mbonn sin, ba sa raon 10 % agus 44 % le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha a bhí na meánchorrlaigh dhumpála ualaithe, arna sloinneadh mar chéatadán de phraghas CAL ag teorainn an Aontas, roimh dhleacht a íoc. Measadh dá bhrí sin sa deireadh gur leanadh den dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

5. AN DÓCHÚLACHT GO LEANFAR DEN DUMPÁIL

(120) Sa bhreis ar an toradh lena bhfuarthas gurbh ann don dumpáil le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, rinne an Coimisiún imscrúdú i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán ar an dóchúlacht go leanfaí den dumpáil, dá ndéanfaí na bearta a aisghairm. Rinneadh anailís ar na heilimintí breise seo a leanas: an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise i nDaon-Phoblacht na Síne agus tarraingteacht mhargadh an Aontais.

5.1. **Acmhainneacht táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa tSín**

(121) De réir na n-iarratasóirí, is é Daon-Phoblacht na Síne an táirgeoir is mó den táirge faoi athbhreithniú sa domhan le 23 tháirgeoir, a bhfuil 33 líne táirgeachta acu ar an iomlán.

(122) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, de réir mheastacháin na n-iarrthóirí, b'ionann táirgeacht foriomlán i nDaon-Phoblacht na Síne den táirge faoi athbhreithniú agus timpeall 2,3 milliún tona. De réir na foinse céanna, b'ionann an acmhainneacht táirgeachta mheasta foriomlán agus 5 mhilliún tona. Dá bhrí sin, b'ionann an acmhainneacht bhreise chun an táirge faoi athbhreithniú a tháirgeadh i nDaon-Phoblacht na Síne le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe agus timpeall 2,7 milliún tona. Ó tharla go raibh tomhaltas measta an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ag timpeall 100 míle tona (féach Tábla 2), sháraigh acmhainneacht bhreise táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne tomhaltas an táirge faoi athbhreithniú i margadh an Aontais timpeall 27 n-uaire. Mar chomparáid, mheas na hiarratasóirí, le linn na tréimhse céanna, go raibh acmhainneachtaí táirgeachta na 12 chuideachta atá ann cheana sa chuid eile den domhan timpeall 2,9 milliún tona ([54]). De bharr nár chomhoibrigh Rialtas an Síne agus comhar íseal táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, ní bhfuair an Coimisiún faisnéis bhreise i ndáil le táirgeadh i nDaon-Phoblacht na Síne agus allmhairí isteach san Aontas.

(123) Ach, i bhfianaise na leibhéil (arda) táirgeachta agus acmhainneacht bhreise sa tSín i gcomparáid leis an Aontas, mheas an Coimisiún gur dócha go ndíreoidh táirgeoirí onnmhairiúcháin ón tSín a n-acmhainneachtaí breise chuig margadh an Aontais i gcainníochtaí móra ag praghsanna dumpáilte dá rachadh na bearta in éag.

5.2. **Tarraingteacht mhargadh an Aontais agus na praghsanna ar mhargadh an Aontais.**

(124) Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, lean na táirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne den táirge faoi athbhreithniú a onnmhairiú chuig an Aontas. Is é méid onnmhairí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha ón tSín le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe 2,9 míle tona, agus ba mhéid é sin a raibh idir [2,5-3,5 %] den sciar den mhargadh i margadh an Aontais i gceist leis. Mar a mhionsonraítear in aithris 43, ní bhaineann na hallmhairí chuig an Aontas ach le sonraí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha, ach bhí an táirgeacht fhoriomlán sa tSín le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i bhfad níos airde, agus dá bhrí sin, is dócha gurbh airde freisin an sciar iomlán de mhargadh an Aontais i dtaca leis an táirge faoi athbhreithniú a bhí ag táirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha. Dá bhrí sin, tá margadh an Aontais fós ina mhargadh onnmhairiúcháin tarraingteach do tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, d'ainneoin na mbeart atá i bhfeidhm.

(125) I dtuairim na n-iarrthóirí, tá tarraingteacht mhargadh an Aontais freisin sa mheánleibhéal praghais réasúnta ard, inréiteacht custaiméirí agus bonneagar lóistíochta maith mar aon le calafoirt, saoráidí stórála agus dáilte dea-fheistithe, agus ardleibhéal tomhaltas tionsclaíoch. Ina theannta sin, is é an tAontas an margadh cruach is mó ar domhan ó thaobh méideanna de faoi láthair.

(126) Thairis sin, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, bunaithe ar an gcomparáid idir praghsanna táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais agus táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha na Síne, ghearr praghsanna onnmhairiúcháin na Síne faoi phraghsanna an Aontais, i gcás ina n-eisiatar dleacht frithdhumpála (féach aithris 152), rud a léiríonn go bhfuil margadh an Aontais tarraingteach i dtéarmaí praghsanna.

([54]) Cé is moite de mhargadh an Aontais.

(127) Trí chur chun feidhme bhearta roinn 232 SA agus go háirithe a ndleachtanna allmhairiúcháin ar an táirge lena mbaineann ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, cuirtear teorainn bhreise ar na féidearthachtaí do tháirgeoirí onnmhairiúcháin chun an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig cinn scríbe eile tábhachtacha seachas an tAontas.

(128) Dá bhrí sin, i dtéarmaí na méide agus na bpraghsanna, bhí margadh an Aontais fós ina mhargadh tarraingteach le haghaidh na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin de chuid na Síne.

5.3. **Conclúid maidir leis an dóchúlacht go leanfar den dumpáil**

(129) Thaispeáin an t-imscrúdú gur lean onnmhairí na Síne de bheith ag teacht isteach i margadh an Aontais ar phraghsanna dumpáilte le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(130) Bhí an acmhainneacht bhreise sa tSín suntasach i gcomparáid le tomhaltas an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Thairis sin, i dtaca le tarraingteacht mhargadh an Aontais i dtéarmaí méide agus praghsanna, is amhlaidh is dóchúla mar sin go ndíreofar onnmhairí agus acmhainneacht bhreise na Síne ar an Aontas, dá rachadh na bearta in éag.

(131) Dá dhroim sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dócha go rachadh líon na n-onnmhairí dumpáilte den táirge faoi athbhreithniú ón tSín chuig an Aontas i méid go suntasach dá rachadh na bearta frithdhumpála in éag.

(132) I bhfianaise a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid gur dócha go leanfaí den dumpáil mar thoradh ar dhul in éag na mbeart frithdhumpála.

6. **DÍOBHÁIL**

6.1. **Sainmhíniú ar an tionscal de chuid an Aontais agus ar tháirgeacht an Aontais**

(133) Rinne sé tháirgeoir atá lonnaithe i mBallstáit dhifriúla an táirge comhchosúil a mhonarú le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Is ionann na táirgeoirí sin agus an 'tionscal de chuid an Aontais' de réir bhrí Airteagal 4(1) den bhun-Rialachán.

(134) Suíodh táirgeacht iomlán an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe ag thart ar 196 050 milliún tona. Shuigh an Coimisiún an figiúr ar bhonn na faisnéise uile a bhí ar fáil maidir le tionscal an Aontais, amhail European Steel Tube Association le haghaidh na dtáirgeoirí neamhshampláilte de chuid an Aontais agus freagraí na gceistneoirí arna gcur isteach ag táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. Mar a léirítear in aithris 20, roghnaíodh trí tháirgeoir de chuid an Aontais sa sampla, arbh ionann iad agus beagnach 76 % agus 67 % de tháirgeacht iomlán agus de mhéid díolachán iomlán, faoi seach, de tháirgeoirí an aitheanta Aontais den táirge comhchosúil.

6.2. **Tomhaltas an Aontais**

(135) Shuigh an Coimisiún tomhaltas an Aontais ar bhonn staitisticí allmhairiúcháin Eurostat agus méideanna na ndíolachán i dtionscal an Aontais, mar a chuir an t-iarratasóir isteach maidir le táirgeoirí neamhshampláilte an Aontais agus freagraí na gceistneoirí arna gcur isteach ag táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais. D'úsáid an Coimisiún raonta sonraí don saormhargadh agus don mhargadh faoi chuing, chomh maith le do sciar den mhargadh, d'fhonn a áirithiú nach nochtar sonraí íogaire le haghaidh táirgeoir amháin de chuid an Aontais.

(136) Tháinig forbairt ar thomhaltas an Aontais mar a leanas:

Tábla 2

Tomhaltas an Aontais tonaí

	2018	2019	2020	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Tomhaltas iomlán an Aontais	111 875	108 571	95 285	102 189
Innéacs	*100*	*97*	*85*	*91*

Margadh faoi chuing	[4 500–5 500]	[9 000-10 000]	[5 500-6 500]	[6 000-7 000]
Innéacs	*100*	*188*	*119*	*126*
An saormhargadh	[100 000- 110 000]	[90 000 - 100 000]	[80 000 -90 000]	[86 000-96 000]
Innéacs	*100*	*93*	*84*	*90*

Foinse: Comext, táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha, ESTA agus táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(137) Tháinig laghdú 3 % ar thomhaltas an Aontais sa tréimhse idir 2018 agus 2019, tháinig laghdú air faoi níos mó ná 12 % sa tréimhse idir 2019 agus 2020 agus tháinig feabhas níos mó ná 5 % air ansin sa tréimhse idir 2020 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ar an bhforiomlán, tháinig laghdú 9 % uirthi ó 2018 agus thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(138) Thuairiscigh tionscal an Aontais úsáid faoi chuing an táirge faoi athbhreithniú, ar méid ba lú ná 5 % de thomhaltas iomlán an Aontais in 2018 a bhí ann. Tháinig méadú 26 % air le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(139) Tháinig laghdú 10 % ar thomhaltas an mhargaidh shaoir le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú 7 % air idir 2018 agus 2019, 9,6 % idir 2019 agus 2020 agus ansin tháinig feabhas 7 % air le linn thréimhse 2020 agus thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

6.3. **Allmhairí chuig an Aontas ón tír lena mbaineann**

6.3.1. *Méid agus sciar de mhargadh na n-allmhairí ón tír lena mbaineann*

(140) Ar bhonn ar shonraí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha, méid na n-allmhairí agus sciar den mhargadh allmhairí an táirge faoi athbhreithniú, arna bhforbairt mar a leagtar amach thíos. Mar gheall nár tháinig na sonraí ach ó dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin, cuireadh ar fáil i raonta é ar chúiseanna rúndachta.

(141) Tháinig forbairt ar allmhairí chuig an Aontas ón tír lena mbaineann mar a leanas:

Tábla 3

Méid na n-allmhairí (tonaí) agus an sciar den mhargadh

	2018	2019	2020	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Méid na n-allmhairí ón tír lena mbaineann (tonaí)	[1 300 – 1 400]	[1 500 – 1 600]	[1 250 – 1 350]	[2 800 – 2 900]
Innéacs	*100*	*111*	*95*	*204*
Sciar den mhargadh	[1 - 3] %	[1,2 – 3,2] %	[1,1 – 3,1] %	[2,5 – 3,5] %
Innéacs	*100*	*120*	*113*	*227*

Foinse: táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha

(142) San imscrúdú bunaidh, b'ionann sciar den mhargadh na n-allmhairí ón tSín agus san Aontas agus 26,8 %. Mar chodarsnacht, b'ionann an sciar den mhargadh [2,5 – 3,5]% le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá dheasca sin, laghdaíodh go suntasach sciar den mhargadh na n-allmhairí ón tSín de thoradh na mbeart frithdhumpála a bhí i bhfeidhm. Ach, i gcomhthéacs tomhaltas a bhí ag laghdú, tháinig méadú ar allmhairí ón tSín le linn na tréimhse faoi bhreathnú chun dochair thionscal an Aontais. Bhí méid na n-allmhairí foriomlána ó Dhaon-Phoblacht na méadaithe 104 % don tréimhse faoi bhreathnú agus b'ionann é agus [2 800 – 2 900] tona le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Cé gur tháinig méadú ar sciar den mhargadh na n-allmhairí ón tSín, d'fhan sé réasúnta teoranta faoi [2,5 – 3,5] % le linn na tréimhse céanna.

(143) Go háirithe, tháinig méadú 20 % ar an sciar den mhargadh allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne sa tréimhse idir 2018 agus 2019, tháinig méadú 13 % air sa tréimhse idir 2018 agus 2020 in ainneoin an laghdú 16 % ar thomhaltas an Aontais an mhargaidh shaoir agus tháinig méadú 127 % air le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tharla méadú ar sciar den mhargadh allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne sa tréimhse faoi bhreathnú d'ainneoin na mbeart frithdhumpála atá ann cheana agus géarchéim COVID.

(144) Mar a luaitear in aithris 42, tá méid na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne isteach san den táirge faoi athbhreithniú agus sciar den mhargadh táirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne, bunaithe ar shonraí fíoraithe na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha agus ar an bhfaisnéis san iarraidh ar athbhreithniú, don tréimhse faoi bhreathnú agus do thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(145) Tar éis an nochta deiridh, d'áitigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha Daye Special Steel Co. Ltd., Zhejiang Pacific Seamless Steel Tube Co. agus Yangzhou Chengde Steel Pipe, Co. Ltd, nach léir cén fáth a raibh na méideanna allmhairí a úsáideadh san imscrúdú bunaithe ar na sonraí a thuairiscigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha seachas bunachar sonraí Comext.

(146) Mar a luaitear in aithris 42, mheas an Coimisiún sa chás áirithe seo, nach raibh an fhaisnéis staidrimh iontaofa agus nach bhféadfaí í a úsáid chun méid iarbhír na n-allmhairí ón tSín a chinneadh agus, dá bhrí sin, b'fhearr leis a thorthaí a bhunú ar na sonraí fíoraithe ó na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibritheacha. Thairis sin, níor cuireadh isteach aon fhianaise san imscrúdú seo lena léirítear nach iomchuí úsáid a bhaint as méid na n-onnmhairí a dhearbhaigh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

6.3.2. *Praghsanna na n-allmhairí ón tír lena mbaineann agus sladghearradh praghais*

(147) Shuigh an Coimisiún na praghsanna agus sladghearradh na n-allmhairí ón tSín isteach san Aontas ar bhonn shonraí na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha.

(148) Ós rud é gur tháinig na sonraí ó dhá tháirgeoir onnmhairiúcháin, agus ón dá cheann sin amháin, cuireadh an meánphraghas allmhairiúcháin ar fáil de réir raonta ar chúiseanna rúndachta.

(149) Seo a leanas mar a bhí forbairt meánphraghas allmhairí isteach san Aontas ón tír lena mbaineann:

Tábla 4

Praghsanna allmhairiúcháin (EUR/tona)

	2018	2019	2020	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
An meánphraghas allmhairiúcháin (EUR/tona)	[1 300 – 1 400]	[1 300 – 1 400]	[1 300 – 1 400]	[1 500 – 1 600]
Innéacs	*100*	*99*	*96*	*113*

Foinse: táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha

(150) Tháinig laghdú 1 % air idir 2018 agus 2019 ar an meánphraghas allmhairiúcháin, laghdú 4 % idir 2018 agus 2020 agus ansin tháinig méadú 13 % idir 2018 agus thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(151) Chinn an Coimisiún an sladghearradh praghais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe tríd an méid seo a leanas a chur i gcomparáid:

1. na meánphraghsanna díola ualaithe in aghaidh chineál táirge na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais, rud a gearradh ar chustaiméirí neamhghaolmhara ar mhargadh an Aontais, arna gcoigeartú don leibhéal díreach ón monarcha; agus

2. meánphraghsanna ualaithe comhfhreagracha in aghaidh an chineáil táirge a allmhairíonn táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha chuig an gcéad chustaiméir ar mhargadh an Aontais, arna mbunú ar bhonn costais, árachais agus last-táille (CAL), seachas an dleacht frithdhumpála, mar aon le coigeartuithe iomchuí ar dhleachtanna custaim agus ar chostais iar-allmhairiúcháin.

(152) Rinneadh praghsanna a chur i gcomparáid le chéile de réir an chineáil i gcás idirbheart agus tar éis lacáistí agus lascainí a asbhaint. Sloinneadh toradh na comparáide mar chéatadán de láimhdeachas tháirgeoirí sampláilte an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Léiríodh leis meánchorrlach sladghearrtha ualaithe idir 21,6 % agus 27 % gan dleachtanna frithdhumpála, de réir na n-allmhairí ón tír lena mbaineann ar mhargadh an Aontais. Ach, nuair a rinneadh an chomparáid chéanna agus na dleachtanna frithdhumpála san áireamh, níor breithníodh aon sladghearradh.

6.3.3. *Allmhairí ó thríú tíortha seachas an tSín*

(153) Is ón Téalainn, ón Úcráin agus ón Ríocht Aontaithe go príomha a tháinig allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ó thríú tíortha seachas Daon-Phoblacht na Síne.

(154) Is mar a leanas a tháinig forbairt ar mhéid comhiomlánaithe na n-allmhairí isteach san Aontas, chomh maith leis an sciar den mhargadh agus treochtaí praghsanna don táirge faoi athbhreithniú ó thríú tíortha eile, arna bhforbairt mar a leanas:

Tábla 5

Allmhairí ó thríú tíortha

Tír		2018	2019	2020	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
An Téalainn	Méid (tona)	1 657	4 406	4 925	3 579
	Innéacs	*100*	*266*	*297*	*216*
	Sciar den mhargadh	[1,1 – 2,1] %	[4 – 5] %	[5 – 6] %	[3,2 – 4,2] %
	Meánphraghas (EUR/tona)	1 059	1 105	962	1 071
	Innéacs	*100*	*104*	*91*	*101*
An Úcráin	Méid (tona)	1 275	779	1 323	772
	Innéacs	*100*	*61*	*104*	*61*
	Sciar den mhargadh	[0,7 – 1,7] %	[0,5 – 1,5] %	[1 – 2] %	[0,5 – 1,5] %
	Meánphraghas (EUR/tona)	990	800	672	667
	Innéacs	*100*	*81*	*68*	*67*
An Ríocht Aontaithe	Méid (tona)	332	542	525	658
	Innéacs	*100*	*163*	*158*	*198*
	Sciar den mhargadh	[0,1 – 0,5] %	[0,3 – 0,7] %	[0,4 – 0,8] %	[0,5 – 0,9] %

	Meánphraghas (EUR/tona)	3 100	2 850	2 050	2 169
	Innéacs	*100*	*92*	*66*	*70*
Tríú tíortha eile	Méid (tona)	4 979	4 390	2 795	1 502
	Innéacs	*100*	*88*	*56*	*30*
	Sciar den mhargadh	[4,2 – 5,2] %	[4 – 5] %	[2,5 – 3,5] %	[1 – 2] %
	Meánphraghas (EUR/tona)	3 469	1 668	1 832	3 628
	Innéacs	*100*	*48*	*53*	*105*
Iomlán na dtríú tíortha seachas an tír lena mbaineann	Méid (tona)	8 243	10 117	9 568	6 511
	Innéacs	*100*	*123*	*116*	*79*
	Sciar den mhargadh	[7 – 8] %	[9,5 – 10,5] %	[10,5 – 11,5] %	[6,5 – 7,5] %
	Meánphraghas (EUR/tona)	2 586	1 419	1 236	1 724
	Innéacs	100	55	48	67

Foinse: Comext

(155) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 116 % ar na méideanna allmhairí ón Téalainn. Shroich an sciar den mhargadh suas le [5 – 6] % in 2020 agus laghdaigh sé le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe chuig [3,2 – 4,2] %. D'fhan an meánphraghas allmhairiúcháin réasúnta cobhsaí le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ar na cúiseanna céanna a mhínítear in aithris 140, soláthraíodh an sciar den mhargadh atá ag gach tír eile i raonta.

(156) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 39 % ar an méid allmhairí ón Úcráin. Shroich an sciar den mhargadh suas le [1 – 2] % in 2020 agus laghdaigh sé le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe chuig [0,5 – 1,5] %. Tháinig laghdú 33 % ar an meánphraghas allmhairiúcháin le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(157) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig méadú 98 % ar an méid allmhairí ón Ríocht Aontaithe. Tháinig méadú ar an sciar den mhargadh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe chuig [0,5 – 0,9] %. Tháinig laghdú 30 % ar an meánphraghas allmhairiúcháin le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(158) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 70 % ar an méid allmhairí ó thríú tíortha eile. Shroich an sciar den mhargadh suas le [4 – 5] % in 2019 agus laghdaigh sé le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe chuig [1 – 2] %. Ar an iomlán, tháinig méadú 5 % ar an meánphraghas allmhairiúcháin le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(159) Tháinig titim 21 % ar mhéid na n-allmhairí ó na tríú tíortha uile seachas na tíortha lena mbaineann le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig laghdú ar sciar den mhargadh na n-allmhairí ó na tríú tíortha uile seachas an tír lena mbaineann chuig [6,5 – 7,5] %, le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

6.4. **Staid eacnamaíoch thionscal an Aontais**

6.4.1. *Barúlacha ginearálta*

(160) Cuimsíodh sa mheasúnú ar staid eacnamaíoch thionscal an Aontais meastóireacht ar gach táscaire eacnamaíoch a raibh tionchar aige ar staid thionscal an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(161) Mar a luaitear in aithris 20, úsáideadh sampláil chun staid eacnamaíoch an tionscail de chuid an Aontais a mheasúnú. Maidir le cinneadh na díobhála, rinne an Coimisiún idirdhealú idir táscairí díobhála maicreacnamaíocha agus micreacnamaíocha. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí maicreacnamaíocha ar bhonn na sonraí atá san fhaisnéis arna soláthair an iarratasóir, cros-seiceáilte le freagraí fíoraithe ar an gceistneoir ó tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais agus an staidreamh oifigiúil atá ar fáil. Bhain na sonraí leis na táirgeoirí uile de chuid an Aontais. Rinne an Coimisiún meastóireacht ar na táscairí micreacnamaíocha ar bhonn sonraí sna freagraí ceistneora ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais agus staidreamh oifigiúil. Fuarthas amach go raibh an dá thacar sonraí ionadaíoch ar staid eacnamaíoch an tionscail de chuid an Aontais.

(162) Is iad seo na táscairí maicreacnamaíocha: an táirgeacht, an acmhainneacht táirgeachta, an úsáid acmhainneachta, an méid díolachán, an scair den mhargadh, an fás, an fhostaíocht, an táirgiúlacht, méid an chorrlaigh dumpála, agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin.

(163) Is iad seo na táscairí micreacnamaíocha: na meánphraghsanna aonaid, an costas aonaid, na costais saothair, na fardail, an bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfheistíochtaí, an toradh ar infheistíochtaí, agus cumas chun caipiteal a chruinniú.

6.4.2. *Táscairí maicreacnamaíocha*

6.4.2.1. Táirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

(164) Tháinig forbairt ar tháirgeacht, acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta iomlán an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 6

An táirgeacht, an acmhainneacht táirgeachta agus úsáid acmhainneachta

	2018	2019	2020	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
An méid táirgeachta (tonaí)	354 212	294 365	237 208	196 050
Innéacs	*100*	*83*	*67*	*55*
An acmhainneacht táirgeachta (tonaí)	462 885	393 154	378 657	365 740
Innéacs	*100*	*85*	*82*	*79*
Úsáid acmhainneachta	76,5 %	74,9 %	62,6 %	53,6 %
Innéacs	*100*	*98*	*82*	*70*

Foinse: ESTA, freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(165) Shroich méid táirgeachta na leibhéil is ísle ar taifead le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Tháinig laghdú 45 % air le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Ar dhóigh níos sonraí, tháinig laghdú 17 % air idir 2018 agus 2019, agus ansin tháinig laghdú níos mó ná 19 % air idir 2019 agus 2020 agus tháinig laghdú níos mó ná 17 % air idir 2020 agus thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Laghdú ar thomhaltas an Aontais mar a mhínítear i roinn 6.2 thuas ba chúis leis an laghdú sin.

(166) Bhí an acmhainneacht táirgeachta ag teacht le treochtaí comhchosúla mar tháinig laghdú 21 % uirthi le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(167) Thug an Coimisiún dá aire gur tháinig laghdú ar acmhainneacht na táirgeachta i bpáirt mar gheall ar dhá chuideachta i measc na neamhiarratasóirí a chuir stop le táirgeadh an táirge chomhchosúil in 2020, is iad sin AMTP Roman sa Rómáin, agus Vallourec Deutschland sa Ghearmáin. Dúnadh an chuideachta dheireanach sin a muileann táirgthe in Reisholz na Gearmáine i mí an Mheithimh 2020 agus a muileann táirgthe in Rath i ndeireadh 2021.

(168) D'fhág an laghdú ar mhéid na táirgeachta agus ar an acmhainneacht táirgeachta san am céanna le linn na tréimhse faoi bhreathnú gur tháinig laghdú ar an úsáid acmhainneachta faoi 30 % sa tréimhse faoi bhreathnú.

(169) Cé nach é úsáid acmhainneachta an príomhthiománaí sa bhrabúsacht, tá tionchar díreach aige ar na torthaí, trí mheáchan na gcostas seasta a bhreisiú. D'fheidhmigh úsáid acmhainneachta ag leibhéal an-íseal, ag giniúint cás ardleochaileachta don tionscal.

6.4.2.2. An méid díolachán agus an sciar den mhargadh

(170) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú tháinig forbairt ar mhéid na ndíolachán a bhí ag tionscal an Aontais agus a sciar den mhargadh mar a leanas:

Tábla 7

Méid na ndíolachán agus an sciar den mhargadh(tonaí)

	2018	2019	2020	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
An méid iomlán díolachán ar mhargadh an Aontais (an margadh saor agus an margadh faoi chuing)	102 246	96 910	84 406	92 851
Innéacs	*100*	*95*	*83*	*91*
An sciar den mhargadh ar thomhaltas iomlán	91,4 %	89,3 %	88,6 %	90,9 %
Innéacs	*100*	*98*	*97*	*99*
Díolacháin an mhargaidh faoi chuing	[4 500–5 500]	[9 000-10 000]	[5 500-6 500]	[6 000-7 000]
Innéacs	*100*	*188*	*119*	*126*
Sciar den mhargadh le haghaidh dhíolacháin mhargaidh faoi chuing (%)	[3,6 % - 5,6 %]	[7,9 % - 9,9 %]	[6,0 % - 7,0 %]	[6,0 % - 7,0 %]
Innéacs	*100*	*193*	*140*	*138*
Díolacháin ar an margadh saor	[95 000 – 99 000]	[85 000 – 89 000]	[75 000 – 79 000]	[85 000 – 89 000]
Innéacs	*100*	*90*	*81*	*89*
An sciar den mhargadh ag díolacháin an mhargaidh shaoir ar thomhaltas foriomlán	[83 % – 88 %]	[77 % – 82 %]	[79 % – 84 %]	[82 % – 87 %]
Innéacs	*100*	*93*	*95*	*97*

Foinse: ESTA, freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(171) Tháinig laghdú suntasach 9 % ar iomlán díolachán thionscal an Aontais ar mhargadh an Aontais (an margadh saor agus an margadh faoi chuing), le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Go háirithe, tháinig laghdú 5 % ar dhíolacháin idir 2018 agus deireadh 2019 agus ansin tháinig laghdú níos mó ná 12 % orthu ansin idir 2019 agus 2020 agus tháinig méadú níos mó ná 9 % orthu idir 2020 agus tréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, shroich an sciar den mhargadh de thionscal an Aontais suas le 90,9 % agus tháinig laghdú 1 % air le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

6.4.2.3. Fás

(172) Cé gur tháinig laghdú 9 % ar thomhaltas, tháinig laghdú 45 % ar mhéideanna táirgeachta thionscal an Aontais agus thit méid na ndíolachán ar mhargadh an Aontais (an margadh saor agus an margadh faoi chuing) 9 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

6.4.2.4. An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

(173) Tháinig forbairt ar an bhfostaíocht agus ar an táirgiúlacht le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 8

An fhostaíocht agus an táirgiúlacht

	2018	2019	2020	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Líon na bhfostaithe	2 114	1 729	1 568	1 270
Innéacs	*100*	*82*	*74*	*60*
Táirgiúlacht (tona/fostaí)	168	170	151	154
Innéacs	*100*	*102*	*90*	*92*

Foinse: ESTA, freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(174) Tháinig laghdú ar an leibhéal fostaíochta i dtionscal de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú, faoi 40 %, ag leanúint na treochta céanna le méideanna táirgeachta an Aontais.

(175) Tháinig laghdú 8 % ar tháirgeacht lucht saothair tháirgeoirí de chuid an Aontais, arna thomhas mar aschur (tonaí) in aghaidh an duine fostaithe le linn na tréimhse lena mbaineann de bharr an titim in éileamh margaidh agus an titim ina dhiaidh sin i dtáirgeacht.

6.4.2.5. Méid an chorrlaigh dumpála agus téarnamh ó dhumpáil roimhe sin

(176) Bhí gach aon chorrlach dumpála a suíodh le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe i bhfad os cionn an leibhéil *de minimis*. An tráth céanna, bhí leibhéal na n-allmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne chuig an Aontas le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe réasúnta teoranta, agus b'ionann iad agus díreach [2,5 – 3,5] % de thomhaltas an Aontais. Dá bhrí sin, bhí an tionchar a bhí ag méid na gcorrlach dumpála iarbhír ar an tionscal de chuid an Aontais cuíosach teoranta.

6.4.3. *Táscairí micreacnamaíocha*

6.4.3.1. Praghsanna agus tosca lena ndéantar difear do phraghsanna

(177) Tháinig forbairt ar mheánphraghsanna díola aonaid ualaithe na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 9

Praghsanna díola agus costas táirgthe san Aontas (EUR/tona)

	2018	2019	2020	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
An meánphraghas díolachán aonaid san Aontas ar an margadh iomlán	1 328	1 331	1 249	1 312
Innéacs	*100*	*100*	*94*	*98*
Meánphraghas díola aonaid ar an margadh faoi chuing ([55])	[900-1 100]	[1 100-1 300]	[1 100-1 300]	[1 100-1 300]
Innéacs	*100*	*115*	*106*	*116*
An meánphraghas díola aonaid ar an saormhargadh	1 353	1 354	1 265	1 321
Innéacs	*100*	*100*	*94*	*98*
Costas táirgthe in aghaidh an aonaid	1 227	1 221	1 217	1 416
Innéacs	*100*	*100*	*99*	*115*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(178) Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig titim níos mó ná 2 % ar phraghas thionscal an Aontais agus tháinig méadú 15 % ar chostas aonaid an táirgthe. Tar éis forchur na mbeart frithdhumpála in aghaidh allmhairí Síneacha i mí na Samhna 2016, bhí táirgeoirí an Aontais in ann a bpraghsanna díola san Aontas a chothabháil ó 2018 go dtí 2019. Ach, tháinig laghdú níos mó ná 6 % ar an bpraghas díola aonaid idir 2019 agus 2020. Dá bhrí sin, tháinig feabhas níos mó ná 4 % air idir 2020 agus 2021.

(179) D'fhan costas aonaid an táirgthe cobhsaí idir 2018 agus 2019, agus ansin tháinig laghdú beag 1 % air idir 2018 agus 2020 agus tháinig méadú 15 % air ansin le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig méadú níos mó ná 16 % air idir 2020 agus 2021, a léirigh an méadú ard ar chostais fuinnimh agus amhábhar, le linn na tréimhse céanna.

6.4.3.2. Costais saothair

(180) Tháinig forbairt ar mheánchostais saothair na dtáirgeoirí de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 10

Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí

	2018	2019	2020	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí (EUR)	62 122	64 071	66 134	65 599
Innéacs	*100*	*103*	*106*	*106*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

([55]) Cuireadh meánphraghas an mhargaidh faoi chuing ar fáil de réir raonta ar chúiseanna rúndachta.

(181) Tháinig méadú 3 % idir 2018 agus 2019 ar na meánchostais saothair in aghaidh an fhostaí. Tháinig méadú 6 % air freisin idir 2018 agus 2020. Ar an iomlán, tháinig laghdú 6 % air le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

6.4.3.3. Fardail

(182) Tháinig forbairt ar leibhéil stoic na dtáirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 11

Fardail

	2018	2019	2020	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Stoic dheiridh (tonaí)	22 334	19 256	14 497	13 692
Innéacs	*100*	*86*	*65*	*61*
Stoic dheiridh mar chéatadán den táirgeacht	8,8	8,7	8,1	8,9
Innéacs	*100*	*99*	*93*	*102*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(183) D'fhan leibhéal na stoc deiridh ag na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais cobhsaí i ndáil leis an táirgeacht. Le linn na tréimhse faoi bhreathnú, tháinig laghdú 39 % ar leibhéal na stoc deiridh. De ghnáth, ní choinníonn táirgeoirí an Aontais ach leibhéal íseal stoic iad féin. Dá bhrí sin, meastar nach tábhachtach an táscaire díobhála iad na stoic i gcás an tionscail sin. Ina theannta sin, deimhnítear an méid sin freisin trí anailís a dhéanamh ar threocht na stoc deiridh mar chéatadán den táirgeacht. Le linn na tréimhse imscrúdúcháin, tháirg cuid de na táirgeoirí méid níos lú agus laghdaigh siad na stoic mar iarracht chun dul in gleic leis an staid airgeadais dheacair in 2020 agus 2021 (féach Tábla 6).

6.4.3.4. Brabúsacht, sreabhadh airgid, infheistíochtaí, toradh ar infheistíochtaí agus cumas caipiteal a chruinniú

(184) Tháinig forbairt ar an mbrabúsacht, ar shreabhadh airgid, ar infheistíochtaí agus ar an toradh ar infheistíochtaí ag na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú mar a leanas:

Tábla 12

An bhrabúsacht, an sreabhadh airgid, na hinfheistíochtaí agus an toradh ar infheistíochtaí

	2018	2019	2020	Tréimhse Imscrúdúcháin an Athbhreithnithe
Brabúsacht díolachán san Aontas le custaiméirí neamhghaolmhara (% de láimhdeachas na ndíolachán)	9,3	9,9	3,8	- 7,2
Innéacs	*100*	*106*	*41*	*- 77*
An sreabhadh airgid (EUR)	54 041 814	65 623 240	56 907 181	6 140 456
Innéacs	*100*	*121*	*105*	*11*
Infheistíochtaí (EUR)	26 907 236	9 977 233	3 253 779	4 952 232
Innéacs	*100*	*37*	*12*	*18*

Toradh ar infheistíochtaí	10,6 %	22,3 %	18,1 %	0,3 %
Innéacs	*100*	*211*	*171*	*3*

Foinse: Freagraí fíoraithe ar cheistneoirí ó na táirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais

(185) Shuigh an Coimisiún brabúsacht na dtáirgeoirí de chuid an Aontais trí ghlanbhrabús roimh cháin díolacháin an táirge chomhchosúil i gcás custaiméirí neamhghaolmhara san Aontas a shloinneadh mar chéatadán de láimhdeachas na ndíolachán sin. Ar an bhforiomlán, thit an bhrabúsacht ó 9,3 % in 2018 go [-7,2] % thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. D'fhan sé beagnach ag na leibhéil chéanna idir 2019 agus 2018, cé gur thit sé 59 % idir 2018 agus 2020. Tháinig laghdú [-77] % ar bhrabúsacht tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(186) Tar éis an nochta, mhaígh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha nár mhínigh an Coimisiún conas a tháinig meath ar an mbrabúsacht a bhaineann leis an méadú ar phraghsanna allmhairiúcháin ón tír lena mbaineann.

(187) Mar a mhínítear in aithris 200, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nárbh iad na hallmhairí ón tSín ba chúis leis an díobháil ábhartha a bhain do thionscal an Aontais. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(188) Is ionann an sreabhadh airgid glan agus cumas táirgeoirí an Aontais a ngníomhaíochtaí a fhéinmhaoiniú. Tháinig méadú 21 % ar an nglansreabhadh airgid sa tréimhse idir 2018 agus 2019 agus d'fhan sé cobhsaí idir 2018 agus 2020. Ach, bhí titim fhoriomlán 89 % ag an nglansreabhadh airgid le linn na tréimhse faoi bhreathnú, ag leanúint an treocht maidir le brabúsacht i ndíolacháin.

(189) Is éard atá i gceist le toradh ar infheistíochtaí, an brabús mar chéatadán de ghlanluach na n-infheistíochtaí de réir na leabhar, rud a léiríonn leibhéal dímheasa na sócmhainní. Ar an bhforiomlán, thit sé 97 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Go háirithe, tháinig méadú 111 % air idir 2018 agus 2019, go príomha de bharr an leibhéal brabúsachta a sroicheadh in 2019, tháinig méadú 71 % air idir 2018 agus 2020 agus ansin tháinig laghdú 97 % idir 2018 agus 2021, mar a luadh cheana féin, de bharr an leibhéal íseal brabús in 2021.

(190) Thug an Coimisiún dá aire d'ainneoin na gcorrlaigh bhrabúis ísle ó 2020, gur chothaigh tionscal an Aontais leibhéal cóir táirgeachta agus níos stad sé riamh ag optamú a phróiseas táirgthe, lóistíochta, díolacháin agus margaíocht, trí leanúint ar aghaidh ag infheistiú.

(191) Léiríonn an ardleibhéal infheistíochtaí atá le déanamh ag Tionscal an Aontais a mhian láidir le hoiriúnú, feabhsú agus fanacht ar an margadh d'ainneoin deacrachtaí agus cruatan eacnamaíoch.

(192) Chuir drochfheidhmíocht airgeadais thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdúcháin teorainn lena chumas caipiteal a thiomsú. Is tionscal atá dian ar chaipiteal é tionscal an Aontais agus bíonn infheistíochtaí móra ag teastáil uaidh. Bhí an glansreabhadh airgid le linn na tréimhse faoi bhreathnú ró-íseal chun infheistíochtaí substaintiúla den sórt sin a chumhdach.

6.5. **Conclúid faoi dhíobháil**

(193) Léirítear leis an bhforbairt atá tagtha ar na maicreatháscairí agus ar na micreatháscairí le linn na tréimhse faoi bhreathnú gur tháinig meath ar an staid airgeadais i gcomhair an tionscail de chuid an Aontais. Ar an iomlán, chuaigh treochtaí na bpríomhtháscairí eacnamaíocha uile in olcas le linn na tréimhse faoi bhreathnú.

(194) Léiríodh san imscrúdú go raibh pátrún diúltach ann de réir gach táscaire le linn na tréimhse faoi bhreathnú. I gcomhthéacs go bhfuil laghdú 9 % ar éileamh, thit méid na ndíolachán ar an margadh saor agus táirgeacht faoi 9 % agus 45 %, faoi seach. Ba é a bhí mar thoradh air sin ná laghdú 21 % ar an acmhainneacht agus 40 % ar an bhfostaíocht. Ó tharla go raibh an laghdú ar an táirgeacht níos tapúla (45 % le linn na tréimhse faoi bhreathnú) ná an laghdú ar an acmhainneacht agus ar an bhfostaíocht, thit an úsáid acmhainneachta agus táirgeacht freisin, faoi 30 % agus 8 %, faoi seach.

(195) Le linn na tréimhse céanna, tháinig laghdú freisin ar an meánphraghas in aghaidh an aonaid ar an margadh saor níos mó ná 2 %, agus tháinig méadú 15 % ar chostas aonaid an táirgthe. Mar iarmhairt, thit an bhrabúsacht [-77] % le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus thit an brabús ó 9,3 % in 2018 go [-7,2] % thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(196) Dá réir sin, léiríonn na táscairí díobhála gur bhain díobháil ábhartha do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, de bhrí gur laghdaigh sé a phraghsanna díolacháin d'ainneoin a gcostais táirgthe a bheith ag méadú, rud a d'fhág gur chlis ar a bhrabúsacht go hiomlán, agus bhí drochthionchar aige sin ar infheistíochtaí, ar an toradh ar infheistíochtaí agus ar an sreabhadh airgid.

(197) Dá dheasca sin, chinn an Coimisiún go ndearnadh díobháil ábhartha do thionscal an Aontais de réir bhrí Airteagal 3(5) den bhun Rialachán.

(198) I gcomhréir le hAirteagal 3(6) den bhun-Rialachán, scrúdaigh an Coimisiún tuilleadh an staid chun a fháil amach an ndearnadh díobháil ábhartha don tionscal de chuid an Aontais de dheasca na n-allmhairí dumpáilte ón tír lena mbaineann.

(199) Nochtadh san imscrúdú gur tháinig méadú 104 % ar mhéid na n-allmhairí ón tSín, ó [1 300 – 1 400] tona go [2 800 – 2 900] tona, le linn na tréimhse faoi bhreathnú. Tháinig méadú beagnach dúbailt freisin ar a sciar den mhargadh, ó [1 – 3] % go [2,5 – 3,5] % ach d'fhan sé i bhfad faoina sciar den mhargadh de 26,8 % a breithníodh le linn tréimhse imscrúdúcháin an imscrúdaithe bunaidh. Níos tábhachtaí ná sin, bhí an meánphraghas díolacháin ó Dhaon-Phoblacht na Síne [1 500 – 1 600] EUR/tona os cionn meánphraghas díola thionscal an Aontais (1 321 EUR/tona) agus a mheánchostas táirgthe (1 416 EUR/tona) le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ina theannta sin, ag comparáid de chineál táirge le táirge, níor shuigh an Coimisiún sladghearradh i gcás inar áiríodh dleachtanna i bpraghsanna na dtáirgeoirí onnmhairiúcháin. Dá dheasca sin, d'ainneoin an méadú ar mhéideanna agus sciar den mhargadh, ní dhearna na hallmhairí ó Dhaon-Phoblacht na Síne díobháil do thionscal an Aontais le linn na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe.

(200) Ar bhonn an mhéid thuas, chinn an Coimisiún nárbh fhéidir gurbh iad na hallmhairí ón tSín ba chúis leis an díobháil a bhain do thionscal an Aontais.

7. AN DÓCHÚLACHT GO dTARLÓIDH AN DÍOBHÁIL ARÍS

(201) Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid in aithris 200 gur bhain díobháil ábhartha don tionscal de chuid an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, rinne an Coimisiún measúnú, i gcomhréir le hAirteagal 11(2) den bhun-Rialachán, an mbeadh dóchúlacht ann go dtarlódh díobháil arís arbh iad na hallmhairí dumpáilte ón tSín ba chúis léi dá ligfí do na bearta dul in éag.

(202) Maidir leis sin, rinne an Coimisiún anailís ar na gnéithe seo a leanas: an acmhainneacht táirgeachta agus an acmhainneacht bhreise sa tSín, an gaol idir praghsanna san Aontas agus praghsanna na Síne, an gaol idir praghsanna onnmhairiúcháin le tríú tíortha agus leibhéal na bpraghsanna san Aontas, tarraingteacht mhargadh an Aontais agus tionchar allmhairí féideartha ón tSín ar staid thionscal an Aontais dá rachadh na bearta in éag.

7.1. An acmhainneacht táirgeachta, acmhainneacht bhreise sa tSín

(203) Meastar an acmhainneacht táirgeachta sa tSín don táirge lena mbaineann agus 5 mhilliún tona go bliantúil. Is é thart faoi 2,7 milliún tona in aghaidh na bliana an acmhainneacht bhreise atá ar fáil sa tSín, acmhainneacht beagnach 27 n-uaire níos mó ná tomhaltas an táirge lena mbaineann ar mhargadh an Aontais, ar 102 189 dtona a bhí i gceist leis le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, tá barrachas soláthair thar éileamh tábhachtach i margadh na Síne. Dá dheasca sin, léireodh sé sin dreasacht bhreise do tháirgeoirí de chuid na Síne chun díriú ar mhargaí onnmhairiúcháin má thagann deiseanna nua chun cinn.

7.2. **Tarraingteacht mhargadh an Aontais**

(204) Mar a bunaíodh i Roinn 4.2 thuas, tá margadh an Aontais tarraingteach ó thaobh a mhéide agus a phraghsanna de. Is é an tAontas an margadh is mó den táirge faoi athbhreithniú ar domhan ó thaobh méideanna de faoi láthair. Tá bonneagar lóistíochta maith mar aon le calafoirt, saoráidí stórála agus dáilte dea-fheistithe, agus ardleibhéal tomhaltas tionsclaíoch aige freisin.

(205) Thairis sin, mar a tugadh le fios in aithris 152, shuigh an Coimisiún, d'uireasa na mbeart, dhéanfadh allmhairí ón tSín sladghearradh suntasach ar phraghsanna thionscal an Aontais. Ina theannta sin, bhí meánphraghas allmhairiúcháin tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne isteach sna príomhthríú tíortha (An Chóiré Theas, an India, an Téalainn, etc.) de 1 135 EUR/tona ([56]) níos ísle ná meánphraghas díolacháin thionscal an Aontais de 1 321 EUR/tona ar an margadh saor le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá thoradh sin, dá mba rud é go ligfí do na bearta dul in éag, bheadh spreagadh láidir ag na táirgeoirí onnmhairiúcháin chun a ndíolacháin chuig an Aontas a mhéadú ag praghsanna níos ísle ná na praghsanna a ghearrann tionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe.

(206) Dá bhrí sin meastar go bhfuil margadh an Aontais an-tarraingteach do tháirgeoirí na Síne agus is féidir teacht ar an gconclúid go n-úsáidfí na hacmhainneachtaí breise sa tSín, go páirteach ar a laghad, chun méadú suntasach a dhéanamh ar allmhairí chuig margadh an Aontais ar phraghsanna dumpáilte agus díobhálacha, da rachadh na bearta in éag. Bheadh méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne de thoradh tarraingteacht mhargadh an Aontais, ar a thugtar tuairisc air thuas. Ó tharla gur táirge sách aonchineálach í an táirge lena mbaineann ó thaobh cáilíochta de, is é leibhéal na bpraghsanna an toisc is tábhachtaí nuair atá cinneadh á dhéanamh faoi cheannach ó tháirgeoirí an Aontais nó ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne. Tugtar le fios sa laghdú tobann in onnmhairí na Síne mar fhreagairt do na bearta frithdhumpála gur féidir le custaiméirí aistriú go héasca chuig an soláthróir leis an bpraghas is iomaíche (i.e. ó tháirgeoirí onnmhairiúcháin na Síne chuig táirgeoirí an Aontais nó a mhalairt i gcás go rachaidh an beart in éag).

7.3. **An tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag allmhairí ón tSín ar staid thionscal an Aontais má théann na bearta in éag**

(207) D'fheidhmigh tháirgeoirí sampláilte de chuid an Aontais ag corrlaigh bhrabúis dhiúltacha [–7,2 %], le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, dá bhrí sin, níl siad in acmhainn a bpraghas díola a laghdú a thuilleadh, ná a sciar den mhargadh a chailleadh (mura n-íslíonn siad an praghas) mar iarmhairt ar allmhairí nua, mar gheall go méadódh sé sin a thuilleadh a gcaillteanais.

(208) Mar gheall ar an dóchúlacht go dtiocfadh na táirgeoirí onnmhairiúcháin ag praghsanna níos ísle agus i méideanna níos airde, beidh iallach ar thionscal an Aontais a phraghsanna díolacháin a laghdú agus a bhrabúsacht a bheith thíos leis nó an leibhéal praghsanna díolacháin a choimeád agus de réir gach dealraimh méid na ndíolachán agus a sciar den mhargadh a chailleadh d'onnmhaireoirí na Síne. Is cosúil go mbeidh meascán de na cásanna sin níos réadúla fós. Sa deireadh, d'fhágfadh sin go mbeadh brú síos praghsanna agus caillteanais níos mó ann agus go n-aisghabhfadh allmhairí ón tSín an sciar den mhargadh 26 % a bhí acu roimh fhorchur na mbeart. Is fiú a thabhairt faoi deara go bhfuil dhá tháirgeoir de chuid an Aontais atá ann cheana stoptha de tháirgeadh an táirge comhchosúil in 2020: AMTP Roman sa Rómáin, agus Vallourec Deutschland sa Ghearmáin.

(209) I bhfianaise a bhfuil thuas, mheas an Coimisiún sa deireadh gurb é is dóichí a tharlódh go dtiocfadh méadú suntasach ar allmhairí dumpáilte ón India ar phraghsanna lena ngearrfaí faoi phraghsanna an tionscail de chuid an Aontais dá rachadh na bearta in éag, rud a chuirfeadh leis an díobháil a bhainfeadh don tionscal de chuid an Aontais a thuilleadh. Dá thoradh sin, bheadh inmharthanacht an tionscail de chuid an Aontais i mbaol mór.

([56]) Bunaithe ar GTA. Bhain an staidreamh le hallmhairí ón tSín isteach sna tríú tíortha lena mbaineann. Chomh maith leis sin, baineadh cóid HS ina bhfuil táirgí le trastomhas níos lú ná nó cothrom le 406 mm d'fhonn sainmhíniú an táirge faoi athbhreithniú a léiriú.

7.4. **Barúlacha tar éis an nochta deiridh**

(210) Tar éis an nochta, mhaígh na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha nár mheas an Coimisiún tionchar na n-allmhairí de thionscnamh na Téalainne ina anailís go dtarlóidh an díobháil arís i bhfianaise nach ndearna allmhairí Síneacha díobháil do thionscal an Aontais le linn na 'tréimhse faoi athbhreithniú'. Mhaígh sé freisin go bhféadfadh praghsanna ísle agus méid íseal na n-allmhairí de thionscnamh na Téalainne staid leochaileach thionscal an Aontais a dhéanamh níos measa.

(211) Ós rud é go bhfuil an t-imscrúdú seo teoranta d'allmhairí an táirge lena mbaineann ar de thionscnamh na Síne iad, chuir an Coimisiún teorainn leis an anailís go dtarlóidh an díobháil arís do na heilimintí a luaitear in aithris 202 a d'fhéadfadh difear a dhéanamh do thionscal an Aontais dá ligfí do bhearta ar allmhairí de thionscnamh na Síne dul in éag. Níor breithníodh allmhairí ón Téalainn mar thoisc sa mheasúnú sin. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(212) Mhaígh na táirgeoirí onnmhairiúcháin céanna freisin nár mhínigh an Coimisiún cén fáth ar thuairiscigh tionscal an Aontais caillteanais le linn thréimhse an tréimhse imscrúdúcháin athbhreithnithe.

(213) Mar a thagraítear dó in aithris195, tháinig laghdú 2 % ar an meánphraghas aonaid le linn na tréimhse faoi bhreathnú agus tháinig méadú 15 % ar chostas aonaid na táirgeachta. Dá bhrí sin, ós rud é nach bhféadfadh tionscal an Aontais an méadú ar chostais i ngeall ar chomhaontuithe fadtéarmacha a aistriú, thuairiscigh sé caillteanais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Ina theannta sin, mar a thagraítear dó in aithris 200, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach ndearna allmhairí ón tSín díobháil do thionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe. Dá bhrí sin, dhírigh an Coimisiún a anailís go dtarlóidh an díobháil arís bunaithe ar na heilimintí a luaitear in aithris 202. Ar an mbonn sin agus mar a luaitear in aithris 209, tháinig sé ar an gconclúid gur dócha go dtarlóidh an díobháil ábhartha arb iad na hallmhairí dumpáilte ón tSín ba chúis léi i dtosach báire dá ligfí do na bearta dul in éag. Ar an mbonn sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

(214) Thagair na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha do dhá thuarascáil ón gComhlacht Achomhairc ([57]) freisin agus mhaígh siad 'nach mór conclúid réasúnaithe a dhéanamh tríd an fhianaise ar taifead a mheas go cúramach, agus nach mór aon réamh-mheastacháin don am amach anseo nó aon tátal a bhainfear as a phróiseáil freisin ar fhianaise dhearfach'. Go háirithe, mhaígh siad go ndearnadh rómheastachán ar an acmhainneacht bhreise agus go raibh táirgeoirí onnmhairiúcháin Síneacha ag díriú ar an margadh intíre agus nár onnmhairigh siad a n-acmhainneacht bhreise chuig an Aontas. Ina theannta sin, mhaígh siad nár cheart a mheas gur anailís dóchúlachta iad tarraingteacht mhargadh an Aontais agus 'Praghsanna ón tSín chuig tíortha eile' agus gur cheart an anailís a bheith bunaithe ar 'anailís fhrithfhíorasach ar a dtarlódh amach anseo, bunaithe go príomha ar allmhairí dumpáilte, praghsanna, agus tionchar réamh-mheasta ar thionscal an Aontais'.

(215) A mhéid a bhaineann le hacmhainneacht agus acmhainneacht bhreise, níor chuir na táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha aon fhianaise nua ar fáil chun tacú lena maíomh. In éagmais eilimintí nua, diúltaíodh don mhaíomh.

(216) A mhéid a bhaineann leis na heilimintí atá le cur san áireamh le haghaidh anailís dóchúlachta, mheas an Coimisiún, trí anailís a dhéanamh ar eilimintí amhail tarraingteacht mhargadh an Aontais agus praghsanna do thríú tíortha, go ndearna sé 'anailís fhrithfhíorasach' den sórt sin i gcomhréir lena chleachtas caighdeánach agus úsáid á baint aige as na heilimintí uile a bhí ar fáil lenar féidir cleachtas a chur i gcrích amach anseo maidir leis an dóchúlacht go dtarlóidh an díobháil arís. In éagmais eilimintí a chuirfeadh conclúidí an Choimisiúin ar ceal ina leith sin, diúltaíodh don mhaíomh sin.

8. **LEAS AN AONTAIS**

(217) I gcomhréir le hAirteagal 21 den bhun-Rialachán, rinne an Coimisiún scrúdú le fáil amach an mbeadh sé in aghaidh leas an Aontais ina iomláine dá gcoinneofaí ar bun na bearta frithdhumpála atá ann cheana. Rinneadh cinneadh maidir le leas an Aontais agus aird á tabhairt ar leasanna na bpáirtithe éagsúla lena mbaineann, lena n-áirítear tionscal an Aontais, allmhaireoirí neamhghaolmhara agus úsáideoirí.

([57]) Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc, - *US – Corrosion Resistant Steel Sunset Review*, mír 111 agus Tuarascáil ón gComhlacht Achomhairc, – *US – Oil Country Tubular Goods Sunset Reviewss*, mír 7.166.

8.1. **Leas an tionscail de chuid an Aontais**

(218) Tá tionscal an Aontais comhdhéanta de 6 tháirgeoir atá lonnaithe i mBallstáit difriúla. Ina measc, is iad Dalmine S.p. A, Tubos Reunidos Group SA agus Valcovni Trub Chomutov AS na hiarratasóirí, ach chomhoibrigh na cinn eile, Huta Batory Sp. Z o.o., Vallourec Deutschland GmbH, sa Ghearmáin agus sa Fhrainc (neamhiarratasóirí) agus AMTP Roman.

(219) Léiríodh san imscrúdú dá rachadh na bearta in éag, gur dóchúil go mbeadh tionchar diúltach suntasach aige sin ar thionscal an Aontais. D'éireodh staid thionscal an Aontais níos measa go tapa i dtéarmaí méid na ndíolachán agus praghsanna díolacháin níos ísle a mbeadh laghdú láidir i mbrabúsacht dá thoradh. Ar an taobh eile, cheadófaí do thionscal an Aontais, dá leanfaí leis na bearta, téarnamh a thuilleadh ó dhíobháil roimhe sin mar gheall ar allmhairí dumpáilte, agus chun a chumas ar mhargadh an Aontais nach bhfuil tionchar ag cleachtais trádála mífhéaráilte ó Dhaon-Phoblacht na Síne air a chumas a shaothrú.

(220) Ar bhonn an mhéid thuas, thángthas ar an gconclúid go mbeadh sé chun leas thionscal an Aontais na bearta frithdhumpála atá i bhfeidhm a choinneáil ar bun.

8.2. **Leas allmhaireoirí neamhghaolmhara, trádálaithe neamhghaolmhara agus úsáideoirí neamhghaolmhara**

(221) Chuaigh an Coimisiún i dteagmháil leis na hallmhaireoirí neamhghaolmhara, na trádálaithe neamhghaolmhara agus na húsáideoirí neamhghaolmhara aitheanta uile. Níor fhreagair ceann ar bith de na trádálaithe agus na húsáideoirí ceistneoir an Choimisiúin.

(222) Cosúil leis an imscrúdú bunaidh, níor tháinig aon úsáideoir chun tosaigh san athbhreithniú seo. Anuas air sin, tá 79 allmhaireoir neamhghaolmhar a bhfuil eolas orthu, nár tháinig ach Siderpighi spa Con Socio Unico, a bhfuil eolas gur allmhaireoir neamhghaolmhar é, chun tosaigh. D'fhreagair sé nach bhfuil sé i bhfabhar bearta frithdhumpála a fhorchur. Mhaígh sé go dteastaíonn allmhairí ón tSín ón Aontas mar gheall go bhfuil an t-éileamh níos mó ná an tairiscint. Thug an Coimisiún dá aire gur ionann láimhdeachas an táirge faoi athbhreithniú agus níos lú ná 1 % de láimhdeachas allmhaireoir neamhghaolmhar. Dá réir sin, ní athróidh leanúnachas na mbeart dearcadh feidhmíochta foriomlán na cuideachta, in aon chás.

(223) Thairis sin, maidir le leasanna úsáideoirí agus allmhaireoirí araon, san imscrúdú bunaidh, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid go raibh foinsí malartacha leordhóthanacha soláthair ann den táirge faoi athbhreithniú. Tá an chonclúid sin fós bailí de bharr go bhfuil freastal ag allmhairí ó gach tionscnamh go fóill ar timpeall 10 % den mhargadh. Ina theannta sin, bhí acmhainneacht bhreise níos mó ná 46 % ag tionscal an Aontais le linn thréimhse imscrúdúcháin an athbhreithnithe, atá i bhfad níos mó ná tomhaltas an Aontais faoi láthair.

(224) Dá dheasca sin, tháinig an Coimisiún ar a gconclúid nach mbeadh tionchar diúltach ag síneadh na mbeart ar an soláthar atá ann cheana ar an margadh ná ar staid eacnamaíoch an allmhaireoir i gceist ná ar aon cheann de na húsáideoirí ar an margadh.

(225) Dá réir sin, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid nach mbeadh sé in aghaidh leas na n-úsáideoirí agus na n-allmhaireoirí leanúint de na bearta.

8.3. **An chonclúid ar leas an Aontais**

(226) Ar bhonn a bhfuil thuas, tháinig an Coimisiún ar an gconclúid sa deireadh nach raibh aon chúis an-mhaith ann lena rá nach raibh sé chun leasa an Aontais na bearta atá ann cheana ar allmhairí an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad, a choinneáil ar bun.

9. **BEARTA FRITHDHUMPÁLA**

(227) Ar bhonn na gconclúidí ar ar tháinig an Coimisiún maidir le leanúnachas na dumpála, atarlú díobhála agus le leas an Aontais, ba cheart na bearta frithdhumpála maidir le píopaí agus feadán gan uaim áirithe d'iarann (seachas iarann teilgthe) nó de chruach (seachas cruach dhosmálta), ar trasghearradh ciorclach, ar trastomhas seachtrach is mó ná 406.4 mm, de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne a choinneáil ar bun.

(228) Chun na rioscaí teacht timpeall a íoslaghdú de bharr na difríochta ard i rátaí dleachta, teastaíonn bearta speisialta chun cur i bhfeidhm na ndleachtanna aonair frithdhumpála a áirithiú. Ní mór do na cuideachtaí a bhfuil dleachtanna frithdhumpála aonair acu sonrasc tráchtála bailí a thíolacadh d'údaráis chustaim na mBallstát. Ní mór an sonrasc a bheith i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán sin. Ba cheart d'allmhairí nach mbíonn sonrasc ag gabháil leo a bheith faoi réir na dleachta frithdhumpála is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'.

(229) Cé go bhfuil sé riachtanach an sonrasc seo a chur i láthair údaráis chustaim na mBallstát chun na rátaí aonair dleachta frithdhumpála a chur i bhfeidhm ar allmhairí, ní hé an t-aon ghné é a chuirfidh na húdaráis chustaim san áireamh. Go deimhin, fiú má thugtar sonrasc dóibh a chomhlíonann na ceanglais uile a leagtar amach in Airteagal 1(3) den rialachán seo, ní mór d'údaráis chustaim na mBallstát a ngnáthsheiceálacha a dhéanamh agus féadfaidh siad, mar atá i ngach cás eile, doiciméid bhreise a éileamh (doiciméid loingseoireachta, etc.) chun cruinneas na sonraí atá sa dearbhú a fhíorú agus chun a áirithiú go mbeidh údar le cur i bhfeidhm an ráta níos ísle dleachta ina dhiaidh sin, i gcomhréir leis an dlí custaim.

(230) Má thagann méadú suntasach ar mhéid na n-onnmhairí ag ceann de na cuideachtaí a thairbhíonn de na rátaí dleachta aonair níos ísle tar éis fhorchur na mbeart lena mbaineann, d'fhéadfaí a mheas gur athrú ann féin é méadú den sórt sin ar an bpatrún trádála de bharr fhorchur beart de réir bhrí Airteagal 13(1) den Bhun-rialachán. Sna himthosca sin agus ar choinníoll go gcomhlíontar na coinníollacha, féadfar imscrúdú frith-imchéimniúcháin a thionscnamh. Féadfar leis an imscrúdú sin, *inter alia*, scrúdú a dhéanamh ar an ngá atá leis an ráta nó na rátaí dleachta aonair a bhaint agus ar an ngá le dleacht ar fud na tíre a fhorchur dá bharr sin.

(231) Tá feidhm ag na rátaí dleachta frithdhumpála le haghaidh cuideachtaí aonair a shonraítear sa Rialachán seo go heisiach maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne é agus a tháirgtear ag na heintitis dhlítheanacha ainmnithe. Maidir le hallmhairí an táirge faoi athbhreithniú arna dtáirgeadh ag aon chuideachta eile nach luaitear go sonrach sa chuid oibriúcháin den Rialachán seo, lena n-áirítear eintitis atá gaolmhar leo sin a luaitear go sonrach, ba cheart iad a bheith faoi réir an ráta dleachta is infheidhme maidir le 'gach cuideachta eile'. Níor cheart iad a bheith faoi réir aon cheann de na rátaí aonair maidir le dleacht frithdhumpála.

(232) Féadfaidh cuideachta a iarraidh go gcuirfear na rátaí aonair sin maidir le dleacht frithdhumpála i bhfeidhm má athraíonn sí ainm a heintitis ina dhiaidh sin. Ní mór an iarraidh a chur faoi bhráid an Choimisiúin ([58]). Ní mór an fhaisnéis ábhartha uile a bheith san iarraidh ionas gur féidir a léiriú nach ndéantar difear leis an athrú do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi. Más amhlaidh nach ndéantar difear leis an athrú ar ainm na cuideachta do cheart na cuideachta tairbhiú den ráta dleachta is infheidhme maidir léi, foilseofar rialachán maidir leis an athrú ainm in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

(233) Féadfaidh onnmhaireoir nó táirgeoir nach ndearna an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse a úsáideadh chun leibhéal na dleachta is infheidhme faoi láthair ar a onnmhairí a shocrú a iarraidh ar an gCoimisiún go gcuirfí í faoi réir an ráta dleachta frithdhumpála do tháirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha nach bhfuil san áireamh sa sampla. Ba cheart don Choimisiún iarraidh den sórt sin a dheonú, ar choinníoll go gcomhlíontar trí choinníoll. Bheadh ar an táirgeoir onnmhairiúcháin nua an méid seo a leanas a léiriú: (i) ní dhearna sé an táirge lena mbaineann a onnmhairiú chuig an Aontas le linn na tréimhse a úsáideadh chun leibhéal na dleachta is infheidhme ar a onnmhairí a shocrú; (ii) níl sé gaolmhar le cuideachta a rinne amhlaidh agus tá sé faoi réir na ndleachtanna frithdhumpála dá bharr sin; agus (iii) d'onnmhairigh sé an táirge lena mbaineann ina dhiaidh sin nó chuaigh sé faoi oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe déanamh amhlaidh i gcainníochtaí substaintiúla.

(234) I bhfianaise Airteagal 109 de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([59]), nuair a bheidh méid le haisíoc tar éis breithiúnas ó Chúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, is é an t-ús is ceart a íoc an ráta a chuirfeadh an Banc Ceannais Eorpach i bhfeidhm maidir lena phríomhoibríochtaí athmhaoinithe, arna bhfoilsiú i sraith C d'*Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* ar an gcéad lá féilire de gach mí.

([58]) An Coimisiún Eorpach, Ard-Stiúrthóireacht na Trádála, Stiúrthóireacht G, Rue de la Loi 170, 1040 An Bhruiséil, an Bheilg.

([59]) Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1).

(235) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste a bhunaítear le hAirteagal 15(1) de Rialachán (AE) 2016/1036,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

1. Forchuirtear dleacht frithdhumpála chinntitheach ar allmhairí píopaí agus feadáin gan uaim áirithe d'iarann (seachas iarann teilgthe) nó cruach (seachas cruach dhosmálta), le trasghearradh ciorclach, ar trastomhas seachtrach níos mó ná 406,4 mm, atá faoi láthair faoi chóid AC 7304 19 90, ex 7304 29 90 (cód TARIC 7304 29 90 90), 7304 39 88 agus 7304 59 89 agus ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne iad.

2. Is mar a leanas a bheidh na rátaí cinntitheacha maidir le dleacht frithdhumpála is infheidhme maidir leis an bpraghas glan, saor ag teorainn an Aontais, roimh dhleacht, a bhí ag an táirge a bhfuil tuairisc air i mír 1 agus arna tháirgeadh ag na cuideachtaí a liostaítear thíos:

Cuideachta	Ráta dleachta frithdhumpála cinntithí (%)	Cód breise TARIC
Yangzhou Chengde Steel Pipe Co., Ltd	29,2	C171
CITIC Pacific Group: — Daye Special Steel Co., Ltd — Zhejiang Pacific Seamless Steel Tube Co., Ltd	51,8	899H
Yangzhou Lontrin Steel Tube Co., Ltd	39,9	C173
Hengyang Valin MPM Co., Ltd	48,2	C174
Cuideachtaí comhoibríocha eile a liostaítear san Iarscríbhinn	45,6	C998
Gach cuideachta eile	54,9	C999

3. Beidh cur i bhfeidhm na rátaí dleachta aonair a sonraíodh le haghaidh na gcuideachtaí a luaitear i mír 2 coinníollach ar shonrasc tráchtála bailí a chur faoi bhráid údaráis chustaim na mBallstát, ar a mbeidh dearbhú arna dhátú agus arna shíniú ag oifigeach de chuid an eintitis ag a mbeidh an sonrasc sin á eisiúint, a shainaithneofar lena ainm agus lena fheidhm, arna dhréachtú mar a leanas: *'Deimhnímse, a bhfuil mo shíniú thíos, go ndearna (ainm agus seoladh na cuideachta) (cód breise TARIC) (méid) den (táirge faoi athbhreithniú), a díoladh lena onnmhairiú chuig an Aontas Eorpach, rud a chumhdaítear leis an sonrasc seo, a mhonarú i nDaon-Phoblacht na Síne. Dearbhaím go bhfuil an fhaisnéis a chuir mé sa sonrasc seo iomlán agus ceart.'* Mura gcuirtear an sonraisc sin isteach, beidh feidhm ag an dleacht is infheidhme maidir le gach cuideachta eile.

4. D'fhéadfadh sé go ndéanfaí Airteagal 1(2) a leasú chun táirgeoirí onnmhairiúcháin nua ó Dhaon-Phoblacht na Síne a chur leis an liosta san Iarscríbhinn agus iad a chur faoi réir na meándleachta frithdhumpála ualaithe iomchuí le haghaidh cuideachtaí comhoibríocha nár cuireadh san áireamh sa sampla. Tabharfaidh táirgeoir onnmhairiúcháin nua fianaise maidir leis an méid seo a leanas:

(a) níor onnmhairigh sé na hearraí a shonraítear in Airteagal 1(1) de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne le linn na tréimhse idir an 1 Eanáir 2015 agus an 31 Nollaig 2015 ('an tréimhse imscrúdúcháin bhunaidh');

(b) ní baineann sé le honnmhaireoir ná le táirgeoir atá faoi réir na mbeart arna bhforchur ag an Rialachán seo; agus

(c) rinne sé an táirge faoi athbhreithniú ar de thionscnamh Dhaon-Phoblacht na Síne é a onnmhairiú nó tá oibleagáid chonarthach neamh-inchúlghairthe air méid suntasach a onnmhairiú chuig an Aontas tar éis dheireadh na tréimhse imscrúdaithe athbhreithnithe.

5. Mura sonraítear a mhalairt, beidh feidhm leis na forálacha atá i bhfeidhm maidir le dleachtanna custaim.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Iúil 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Táirgeoirí onnmhairiúcháin comhoibríocha neamhshampláilte Dhaon-Phoblacht na Síne:

Cuideachta	Cód breise TARIC
Tianjin Pipe Manufacturing Co., Ltd	C998
Shandong Luxing Steel Pipe Co., Ltd	C998
Inner Mongolia Baotou Steel Union Co., Ltd	C998
Wuxi SP. Steel Tube Manufacturing Co., Ltd	C998
Zhangjiagang Tubes China Co., Ltd	C998
TianJin TianGang Special Petroleum Pipe Manufacture Co., Ltd	C998
Shandong Zhongzheng Steel Pipe Manufacturing Co., Ltd	C998